The campus is made up of development and investment properties including a number of derelict industrial sites. For the financial year ended 31 December 2019 the rate payable was 7% of the value of site and the VSL amounted to €227,500. This was paid in full in February 2020 and February 2021 respectively. The VSL remains payable for each subsequent year that the site is deemed vacant by Dublin City Council. While the DHDA makes every effort to ensure that levies are kept to a minimum, the Agency does not have the resources required to develop the sites on its own. In that regard the level of VSL imposed on the DHDA is outside of its direct control.

### 6.2 Professional Services

	2021 €	2020 €
Recruitment	43,306	10,172
Property Valuation	5,552	7,078
Legal / Internal Audit / Taxation *	(21,168)	100,714
PR / Public Affairs	88,609	47,877
Other Services	74,029	78,585
	<b>190,328</b>	<b>244,426</b>

\* **Legal / Internal Audit / Taxation** – At 31st December 2020, the company estimated costs incurred relating to a procurement for ICT services. Due to the dissolution announcement, the work was postponed and will resume in 2022. As a result an accrual held at 31st December 2020 was released during 2021.

### 6.3 Office Overheads

Office Overheads include two non-cancellable operating leases with the total amount of €6,122. The total future minimum lease payments under non cancellable operating leases are:

	2021 €
Not later than one year	5,142
Later than one year and not later than five years	5,128
	<b>10,270</b>

### 6.4 Networking Events

The DHDA's policy on networking events ensures that a high standard of probity and accountability is maintained and that instances where expenditure is incurred on food and/or drink are managed responsibly and with business purpose.

### 6.5 Dissolution Costs

Following the Government announcement on 27th April 2021 to dissolve the DHDA and transfer the assets to the Land Development Agency, the DHDA incurred additional legal and professional fees in relation to this matter.

## 7. Community Liaison

Relates to the cost of providing local community programmes.

	2021 €	2020 €
Programme Delivery	33,518	29,308
Other Costs	67,462	49,844
	100,980	79,152
Included in fixed assets	-	-
	<b>100,980</b>	<b>79,152</b>

## 8. Digital Initiatives

Relates to the cost of digital projects and initiatives which provide a test-bed for use of digital media.

	2021 €	2020 €
Future Creators	3,152	47,833

## 9. Property, Plant and Equipment

Relates to the cost of digital projects and initiatives which provide a test-bed for use of digital media.

	Development Assets €	Fixtures and Fittings €	Computer Equipment €	Total €
<b>Cost/Valuation</b>				
at 1 January 2021	35,098,608	2,892,623	1,342,112	39,333,343
Additions	6,965	17,981	118,436	143,382
Revaluation	4,794,439	-	-	4,794,439
<b>At 31 December 2021</b>	<b>39,900,012</b>	<b>2,910,604</b>	<b>1,460,548</b>	<b>44,271,164</b>
<b>Depreciation</b>				
at 1 January 2021	-	2,747,126	1,312,291	4,059,417
Charge for year	-	30,511	18,805	49,316
<b>At 31 December 2021</b>	<b>-</b>	<b>2,777,637</b>	<b>1,331,096</b>	<b>4,108,733</b>
<b>Net Book Value</b>				
at 1 January 2021	35,098,608	145,497	29,821	35,273,926
<b>at 31 December 2021</b>	<b>39,900,012</b>	<b>132,967</b>	<b>129,452</b>	<b>40,162,431</b>

## 10. Investment Properties

The movement in the carrying value of the assets held as Investment Properties is set out below.

Investment Properties	31 Dec 2020 €	Additions €	Disposal €	Reclass €	Reclass €	31 Dec 2021 €
Digital Depot	5,150,000	416,663	-	-	(816,663)	4,750,000
Gatelodge	750,000	17,664	-	-	(67,664)	700,000
Digital Court	4,300,000	25,755	-	-	(325,755)	4,000,000
10-13 Thomas Street	1,301,404	34,432	-	-	(85,836)	1,250,000
157 Thomas Street	1,700,000	33,887	-	-	(83,887)	1,650,000
85-87 Thomas Street	700,000	-	-	-	(50,000)	650,000
Townhouse Twenty2	1,300,000	12,797	-	-	(62,797)	1,250,000
Bonham Street car spaces	550,000	-	-	-	-	550,000
Grainstore	4,050,000	16,272	-	-	(116,272)	3,950,000
	<b>19,801,404</b>	<b>557,470</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>(1,608,874)</b>	<b>18,750,000</b>

## 11. Revaluation of Properties

- (i) FRS 102 requires revaluation each year to fair value (equivalent to open market value) of investment properties with value changes taken to profit or loss. The cost less depreciation model is used only if fair value cannot be measured reliably without undue cost or effort. The DHDA has engaged a professional firm of valuers to carry out an independent valuation of the Agency's properties.
- (ii) Due to movements in property values in recent years, independent valuations were conducted by a professional firm of valuers as at 31 December 2021 which resulted in material revaluation gains including the reversal of prior impairment charges.
- (iii) The valuation was determined on the basis of rental income while taking account of the short-term nature of the various licences and leases, the location, the condition of the properties and general market conditions.
- (iv) The DHDA is restricted to using the relevant properties for digital enterprises and mixed development purposes. This was taken into account in determining the valuations.

### Development Assets

As outlined in the Accounting Policies, Development Assets are valued using the revaluation model.

The independent valuation of the Development Assets as at 31 December 2021 resulted in an overall upward revaluation of €4,794,439 (2020: €3,465,366).

The upward revaluation reversed a valuation decrease previously charged against profit. Accordingly, the net movement in the fair value of Development Assets was recognised in the Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves for the year ended 31 December 2021.

### Investment Properties

The independent valuation of the Investment Properties as at 31 December 2021 resulted in an overall downward revaluation of €1,608,874 (2020: downward of €2,140,521) which was recognised in the Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves for the year ended 31 December 2021.

## 12. Taxation

The DHDA is liable to Corporation Tax in respect of interest income (Case III/IV) and rental income (Case V). The DHDA also provides for Deferred Tax on a 'full provision' basis arising from timing differences between the recognition of gains or losses in the financial statements and their recognition in a tax computation.

a) Taxation charged / (credited) to the Income and Expenditure Account was as follows:

	2021 €	2020 €
<b>Current tax:</b>		
Irish tax on profits of the financial year	(21,003)	49,636
<b>Total current tax</b>	<b>(21,003)</b>	<b>49,636</b>
<b>Deferred tax:</b>		
Origination and reversal of timing differences	(4,716)	(9,932)
Overprovision in prior years	-	(10,515)
<b>Total deferred tax</b>	<b>(4,716)</b>	<b>(20,447)</b>
<b>Total tax</b>	<b>(25,719)</b>	<b>29,189</b>

Section 610 of the Taxes Consolidation Act 1997 (Schedule 15) provides an exemption to the DHDA from Capital Gains Tax on disposals made on or after 1st January 2008. For all other tax liabilities, the Digital Hub Development Agency strives to be exemplary in its compliance with taxation laws and in accordance with its tax obligations.

(b) Reconciliation between tax expense included in profit and loss and profit on ordinary activities before tax multiplied by the applicable tax rate:

The tax assessed for the financial year is different to the standard rate of corporation tax in Ireland (25%). The differences are explained below:

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
Surplus on ordinary activities before tax	2,980,676	970,214
Profit on ordinary activities multiplied by applicable rate of tax in the ROI of 25% (2020 25%)	745,169	242,554
Effects of:		
Expenditure not deductible	42,570	142,208
Capital allowances in excess of depreciation	(12,351)	(3,856)
Deferred tax	(4,716)	(9,932)
Movement in fair value of Investment Properties (not subject to tax)	(796,391)	(331,208)
Overprovision in prior years	-	(10,515)
Income tax withheld	-	(62)
<b>Tax on profit on ordinary activities (note 12(a))</b>	<b>(25,719)</b>	<b>29,189</b>

### 13. Receivables

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €	
Rental Receivables	10,723	64,521	
Corporation Tax	70,096	1,926	
Other Receivables and Prepayments	126,728	158,886	
Deferred Tax Asset*	39,291	34,575	
Accrued Income	24,318	4,091	
VAT	14,605	35,194	
	<b>285,761</b>	<b>299,193</b>	
<b>*Deferred Tax Asset</b>			
On Fixtures and Fittings	39,291	34,575	
<b>Movement in temporary differences during the year</b>	<b>Balance 31 Dec 2020</b> €	<b>Recognised in I&amp;E</b> €	<b>Balance 31 Dec 2021</b> €
On Fixtures and Fittings	34,575	4,716	39,291



## 14. Payables (amounts falling due within one year)

	2021 €	2020 €
Payables and Accruals		
- Operations	322,938	523,310
- Property Development	752,687	789,322
PSWT and Relevant Contracts Tax	16,577	8,463
Sundry Deductions	4,012	73,751
Holiday Pay Accrual	16,083	13,008
Tenants' Security Deposits	232,765	278,281
Deferred Income	12,995	12,956
PAYE and PRSI	33,471	34,578
	<b>1,391,528</b>	<b>1,733,669</b>

## 15. Capital Account

	2021 €	2020 €
1 Jan		
Opening Balance	61,158,575	61,058,575
Funding: Exchequer		
- Development Works	621,000	100,000
31 Dec		
Closing Balance	61,779,575	61,158,575

## 16. Pension Costs

### a. Pension Scheme

Under Section 21 of the Digital Hub Development Agency Act 2003, the DHDA provides a scheme for the granting of superannuation benefits to and in respect of its staff members, subject to Ministerial approval. The DHDA's Superannuation Scheme and Spouses and Children's Pension Scheme were operated on an approved 'administrative basis' until formally sanctioned on 27th March 2017 by the Minister for the Environment, Climate and Communications with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform. The Superannuation scheme provides retirement benefits (lump sum and pension) and death gratuity benefits in respect of death in service. The Spouses and Children's Pension scheme provides pension benefits for surviving spouses and dependent children of deceased members. The benefits payable to members of the Single scheme are provided for under the terms of that scheme under the management of DPER. Both schemes are unfunded defined benefit superannuation schemes.

Pension levies are deducted from salaries and paid over to the Department of the Environment, Climate and Communications annually together with the employer contribution. Under the arrangement in place, DECC will reimburse in full the pension liability of the Agency as and when those liabilities fall due. The DHDA recognises its right to the reimbursement as a separate asset.

The Board has adapted the treatment and disclosures required by the accounting standard, Financial Reporting Standard 102 (Retirement Benefits) to reflect the arrangements in operation. The FRS 102 pension liability at 31st December 2021 is €686,000 (2020: €4,300,000).

The results set out below are based on an actuarial valuation of the pension liabilities in respect of Agency staff as at 31st December 2021. This valuation was carried out by a qualified independent actuary for the purposes of FRS 102.

### b. Financial Assumptions

The financial assumptions used to calculate scheme liabilities under FRS 102 are:

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
Discount rate	1.2%	0.80%
Salary rate increase	3.5%	2.50%
Pension rate increase	3.00%	2.00%
Inflation rate increase	2.00%	1.75%
Life expectancy at age 65: Male	21.8 years	21.7 years
Life expectancy at age 65: Female	24.2 years	24.1 years

### c. Pension Costs

#### i) Analysis of total pension costs charged to expenditure

Pensions Cost of €145,041 charged to the Income and Expenditure Account is in accordance with funding arrangements agreed with DECC. In the absence of the reimbursement arrangement, the impact on costs would have been:

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
Employer Contributions (Main scheme)	52,645	48,383
Employer Contributions (SPSPS scheme)	92,396	84,541
Current service cost *	248,000	220,000
Interest Costs	36,000	47,000
Adjustment to Deferred Exchequer Pension Funding	(284,000)	(267,000)
	<b>145,041</b>	<b>132,924</b>

\* Employee contribution of €46,104 (2020: €42,718) has been included in the calculation of the current service cost.

## ii) Movement in Net Pension Liability

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
Net Pension Liability at 1 January	4,300,000	4,480,000
Current Service Cost	248,000	220,000
Interest Cost	36,000	47,000
Actuarial (gain)/loss on scheme liabilities	109,000	(444,000)
Pensions paid in year	(7,000)	(3,000)
Net Pension Liability at 31 December	4,686,000	<b>4,300,000</b>

## 17. Related Party Disclosures

Key management personnel in the DHDA consist of the Chief Executive Officer, Chief Financial Officer and members of the Board. Total compensation paid to key management personnel, including Board members' fees and expenses and total Chief Executive Officer remuneration, amounted to €342,078 (2020: €275,792). Maternity cover included for the Chief Financial Officer in 2021.

## 18. Post Balance Sheet Events

There have been no significant events after the reporting period, which would require revision of the figures or disclosure in the financial statements.

## 19. Approval of Financial Statements

The Financial Statements were approved by the Board on 16 June 2022.




Digital Hub Development Agency  
The Digital Hub, Dublin 8  
D08 TCV4, Ireland

T: +353 1 480 6200  
E: [info@thedigitalhub.com](mailto:info@thedigitalhub.com)  
[www.thedigitalhub.com](http://www.thedigitalhub.com)



An Roinn Comhshaoil,  
Aeráide agus Cumarsáide  
Department of the Environment,  
Climate and Communications

# Tuarascáil Bhliantúil an Mhoil Dhigitigh 2021







## **Clár ábhair**

1. Ráiteas an Chathaoirligh	4
2. Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	6
3. Díscáoileadh	8
4. Obair an DHDA	9
5. Cuideachtaí ag feidhmiú sa Mhol Digiteach ar an 31 Nollaig 2021	20
6. An Bord	21
7. Rialachas Corparáideach	22
8. Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta	24
9. Ráitis Airgeadais	25

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Mar Chathaoirleach ar Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), cuirim an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais don Bhliain 2021 i láthair.**

Le linn 2021, d'oibrigh an Ghníomhaireacht go dian chun déileáil le dhá chur isteach ar leith ar 'ghnó mar is gnách'. Ba é an chéad cheann ná paindéim domhanda leanúnach Covid-19, a raibh tionchar diúltach aici ní hamháin ar an ioncam tráchtála a bhí ar chumas na Gníomhaireachta a ghiniúint i rith na bliana, ach tháinig athruithe suntasacha freisin ar chleachtais oibre dá barr, a bhfuil a n-éifeachtaí fadtéarmacha neamhchinnte fós. D'fhreagair an Ghníomhaireacht go tapa agus go cruthaitheach chun a cuid tairiscintí a oiriúnú do chliant agus chun áiseanna nua a thabhairt isteach a oireann do na riachtanais díreacha agus don tírdhreach oibre atá ag athrú. Cé go bhfuil go leor rudaí neamhchinnte ann i gcónaí, is iad na comharthaí tosaigh atá ann ná go leanann an Mol Digiteach de bheith ina shuíomh tarraingteach d'fhiontar digiteach atá dírithe ar dhúshlán shochoíocha suntasacha, amhail sláinte agus folláine, agus gníomh aeráide.

Nuair a fógraíodh i mí Aibreáin 2021 go bhfuiltear chun an Ghníomhaireacht a dhíscaoileadh tugadh isteach leibhéal breise éiginnteachta a chruthaigh dúshlán maidir le cliant a mhealladh agus a choinneáil. Maolaíodh é seo go mór i mí na Samhna, nuair a fuair an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach toiliú an Aire ceadúnais agus léasanna a eisiúint do chliantchuideachtaí go dtí go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) athfhorbairt ar an gcampas. Toisc gur dócha go dtógfaidh sé roinnt ama an réadmhaoin a aistriú chuig an LDA, táimid ag súil go leanfaidh an bhraisle fiontair sa Mhol Digiteach ag fás agus ag forbairt sna blianta amach romhainn.


Sa Mheabhrán Tuisceana a shínigh an Ghníomhaireacht leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún in 2020 (roimh an gcinneadh an DHDA a dhíscaoileadh) samhlaíodh go ndéanfaí forbairt ar an gcampas ar fad mar chuid de cheathrú cathrach comhtháite, inbhuanaithe, ina n-áirítear tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne, spás fiontair, ionaid mhiondíola, agus áiseanna taitneamhachta, agus ina gcuirfí dóthain spáis oifige ar fáil ionas nach mbeadh an Mol Digiteach ag

brath ar mhaoiniú ón Státchiste a thuilleadh. Shamhlaigh an dá ghníomhaireacht go leanfaí ar aghaidh leis na cláir rannpháirtíochta pobail a bhí mar chuid shuntasach de rath an DHDA. Agus sinne ag obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún sna míonna amach romhainn, déanfaimid iarracht chun a chinntiú go gcoimeádtar an fhís seo beo, agus go ndéantar athghiniúint an cheantair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a théann chun sochair dóibh siúd go léir a chónaíonn, a oibríonn agus a dhéanann caitheamh aimsire i mBaile Átha Cliath 8, agus go leanfaidh cruthaitheacht agus fuinneamh an bhoinn fiontair orthu ag cur go dearfach le sochaí na hÉireann.

Molaim foireann na Gníomhaireachta agus gabhaim buíochas leo as a gcuid oibre i rith 2021 agus go háirithe, leis an bPOF, Fiach Mac Conghail. Táim buíoch freisin as treoir, cúnaimh agus obair chrua mo chomhghleacaithe ar Bhord na Gníomhaireachta. Go háirithe, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Ann Markey agus Michael Conlon, ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige i rith na bliana; chuir an bheirt acu go mór le hobair an Bhoird i rith a dtéarma.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis na hoifigigh ina Roinn as a dtacaíocht in 2021, agus táim ag tnúth leis an gcomhoibriú a bheith ag leanúint ar aghaidh in 2022.

Paul Holden  
Cathaoirleach



# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Ag tús na bliana 2021, bhíomar ag súil le filleadh ar an ngnáthshaol, ar chomhghleacaíocht i spásanna comhroinnte agus le borradh geilleagrach do phobail a raibh gá acu le faoiseamh tar éis na bliana dúshlánaí a bhí in 2020.

Lean an phaindéim COVID-19 ag cur isteach ar ghnó, áfach, de réir mar a cuireadh srianta i bhfeidhm arís agus arís eile, ach is cúis áthais dom a rá gur fhan an spiorad pobail atá á chothú sa Mhol Digiteach le blianta fada anuas chomh láidir agus a bhí riamh.

Coinníodh ár gcampas ar oscailt ar fud na bliana, faoi bhun lánacmhainneacht, áfach, agus leis na réamhchúraimí riachtanacha sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm, chun tacú lenár gcuideachtaí agus leis an réimse tionscnamh pobail agus foghlama. Ag an bpointe seo, ní mór dom moladh mór a thabhairt d'fhoireann an Mhoil Dhigítigh a léirigh arís leibhéal dochreidte athléimneachta agus cumas oiriúnaithe i bhfianaise na ndúshlán a tháinig chun cinn mar gheall ar an bpaindéim.

Ba bhliain shuntasach í 2021 freisin i stair an Mhoil Dhigítigh. Ba í an bhliain í inar socraíodh go ndíscaoilfí an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), agus tá na tailte le haistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) le hathfhorbairt faoi mháistirphlean, atá á chur le chéile faoi láthair.

Bhí díomá orainn gur chinn an Rialtas go bhfuil an Ghníomhaireacht le díscaoileadh, mar ba í an fhís a roinneamar leis an LDA ná ceathrú uirbeach inbhuanaithe a chruthú sna Saoirsí, agus braisle fiontair an Mhoil Dhigítigh ina chroílár. Ní bheadh sé seo ag teacht le conclúidí an athbhreithnithe ar an DHDA a rinne Grant Thornton don Roinn in 2020.

Is é an tasc atá againn anois ná ullmhú do chur i bhfeidhm an chinnidh chun an DHDA a dhíscaoileadh, agus ag an am céanna a chinntiú go gcaomhnaítear agus go bhfeabhsaítear an luach a chruthaítear sa Mhol Digiteach, agus go leanann an bhraisle fiontair ag fás agus a bheith faoi bhláth, agus í ag díriú níos mó ar dhúshlán phráinneacha na sochaí amhail ríomhshláinte agus gníomhú ar son na haeráide.

Agus an phleanáil agus an t-ullmhúchán don aistriú seo ar siúl, tá áthas orm a dhearbhu go bhfanfaidh an Mol Digiteach mar rogha suímh do ghnólachtaí agus do dhaoine cruthaitheacha a bhfuil spás oifige bríomhar inacmhainne ag teastáil uathu sna Saoirsí go dtí 2025 ar a laghad. Is féidir liom ár gcomharsana a chur ar a suaimhneas go leanfaimid lenár gcláir fhairsinge phobail fhairsinge agus rannpháirtíochta sóisialta in 2022, in éineacht lenár gcuid oibríochtaí eile.

D'athraigh an phaindéim conas a bheimid ag tabhairt faoi shaol na hoibre amach anseo, agus tá an Mol Digiteach ag oiriúnú dó trí fhéachaint chuige go seasfaidh na roghanna a chuirimid ar fáil do bhallchuideachtaí ionchasacha an aimsir, ag tairiscint níos mó solúbthachta ó thaobh spáis agus léasanna de.

Is údar bróid dom tuairisciú ar roinnt gníomhaíochtaí suntasacha a tharla in 2021 ar ár gcampas nó a raibh baint dhíreach againn leo.

- **Seoladh Smart D8 go hoifigiúil.**  
Tionscadal sláinte pobail ar leith atá ann a tharraingíonn le chéile saineolas ar shláinte agus folláine ar fud Bhaile Átha Cliath.
- **Cuireadh roinnt tionscadal píolótach ar siúl ó Smart D8, as a dtiocfaidh torthaí dearfacha inláimhsithe do shláinte agus folláine na ndaoine i mBaile Átha Cliath 8.** Tá Civic Dollars ag tástáil bealaí nuálacha chun borradh a chur faoi aclaíocht i bpáirceanna Bhaile Átha Cliath 8 trí dhreasachtaí airgeadra pobail, agus tá Heart of Our City ag díriú ar shláinte chardashoithíoch a fheabhsú.
- **Athraíodh ár gcampas ón mbonn aníos le cabhair ó Pocket Forests agus le bunú na chéad plandlainne crann dúchasach in Éirinn i suíomh cathrach.** Cuirfidh an plandlann seo crainn dhúchasacha Éireannacha ar fáil do shuímh timpeall Bhaile Átha Cliath 8, ag feabhsú na bithéagsúlachta agus ag cur duilliúir a bhfuil géarghá leis inár gceantar. Ar an gcaoi chéanna, táimid ag óstáil gairdín phobail ina bhfuil coirceoga fiú amháin, in éineacht le Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet, rud as a leanann go bhfuil sé choirceog san iomlán ar an gcampas anois.
- **Leanamar ag éascú réimse tionscnamh foghlama agus pobail i rith na bliana, idir ár gClub D8 Surfers agus oilúint dróin do leanaí scoile na háite, chomh maith lenár gcomhpháirtíocht le Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Virgin Media, atá ar an bhfód le 3 bliana anuas.**

- **Leanann ár gclár Ealaíontóra Chónaithe de bheith ina bhuaicphointe ag crosbhealach na healaíne agus na teicneolaíochta.** Sa bhliain 2021 chuireamar fáilte roimh Seoidín O’Sullivan, agus chríochnaigh Elaine Hoey a cónaitheacht tríd an tsraith seimineár gréasáin tosaigh, In Public Digital Cultures, a chomhthionól i gcomhpháirtíocht le NCAD.

Tháinig na tionscnaimh seo, agus go leor eile a bhfuil cur síos orthu ar na leathanaigh seo, trí stoirm na srianta den dara bliain as a chéile agus tá siad fós mar chuid lárnach dár gcur chuige uathúil.

Tá Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) fós ina phríomhchrainn taca dúinn, agus in ainneoin na ndúshlán a bhí ann in 2021, rinneamar dul chun cinn suntasach maidir lenár bplean EDI a chur i bhfeidhm, mar atá sonraithe sa tuarascáil seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara a thacaíonn leis an Mol Digiteach. Tá ardmheas agam orthu. Áirítear orthu an tAire Ryan agus a chuid oifigeach sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, an Oifig Fiontair Áitiúil, ár mballchuideachtaí, scoileanna agus coláistí i mBaile Átha Cliath 8, grúpaí pobail agus ár gcairde agus ár gcomharsana go léir.

Mar fhocal pearsanta, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na Gníomhaireachta a leanann orthu ag obair go dian dícheallach ar son na Gníomhaireachta, le ballchuideachtaí an Mhoil Dhigitigh, agus leis an bpobal áitiúil.

Mar fhocal scoir, glacaim buíochas le comhaltáí an Bhoird agus go háirithe lenár gCathaoirleach, Paul Holden.

Fiach Mac Conghail  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# Díscaoileadh

In 2021 d'fhógair an Rialtas a chinneadh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) a dhíscaoileadh agus tús a chur le foirceannadh ordúil oibríochtaí ar ár gcampas. Leagtar amach san amlíne thíos na gníomhaíochtaí a rinneadh le déanaí maidir leis an gcinneadh díscaoileadh.

## Nollaig 2020

Comhaontaíonn an Ghníomhaireacht meabhrán tuisceana leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) chun deiseanna comhoibríthe a iniúchadh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar champas agus tailte an Mhoil Dhigitigh i mBaile Átha Cliath 8. Shamhlaigh an dá Ghníomhaireacht go ndéanfaí an campas ar fad a fhorbairt mar chuid de cheathrú cathrach comhtháite, inbhuanaithe, a chuirfeadh tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne, spás fiontraíochta, ionaid mhiondíola agus áiseanna taitneamhachta, agus ina gcuirfí go leor spáis oifige ar fáil chun nach mbeadh an Mol Digiteach ag brath ar mhaoiniú Státchiste a thuilleadh.

## Aibreán 2021

Fógraíonn an Rialtas a chinneadh an DHDA a Dhíscaoileadh tar éis moladh ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

- Tá réadmhaoín atá i seilbh an DHDA i limistéar na Saoirsí i mBaile Átha Cliath 8 le haistriú go dtí an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) agus déanfar foireann bhuan a ath-lonnú laistigh den tseirbhís phoiblí.
- Ciallóidh foirceannadh bainistithe nach mbeidh aon éifeacht dhíreach ar chliantchuideachtaí an DHDA. Beidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag trádáil mar is gnách ar feadh na tréimhse foirceanta.

## Samhain 2021

Aontaíonn an Ghníomhaireacht leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go mbeidh campas an Mhoil Dhigitigh fós ar fáil mar shuíomh do chuideachtaí digiteacha tar éis Meitheamh 2022, go dtí go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún athfhorbairt ar an gcampas sna blianta amach romhainn. An comhaontú:

- tugann sé cinnteacht do thionóntaí atá ann cheana agus déanann sé soláthar do léasán-na nua agus solúbtha suas go dtí 2025 ar a laghad;
- áiríonn sé an úsáid is éifeachtaí a bhaint as spás le linn athfhorbartha agus tacaíocht leanúnach do chuideachtaí teicneolaíochta i mBaile Átha Cliath 8;
- tugann sé cosaint do chlár phobail, foghlama agus shóisialta atá le leanúint ar aghaidh in 2022.

Tá an comhaontú seo mar chuid den phlean le haghaidh foirceannadh ordúil agus leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag obair lena máthair-roinn agus leis an LDA chun é seo a éascú in 2022 agus ina dhiaidh sin.



# Obair an DHDA

## An Campas

Faoi dheireadh 2021, bhí spás oifige 54,720 tr. cearnach arbh fhéidir é a ligint ar cíós ag campas an Mhoil Dhigitigh ar fud naoi bhfoirgneamh.

Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) athléimneach agus inoiriúnaithe i gcónaí i bhfianaise na ndúshlán a tháinig chun cinn mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus cinneadh an Rialtais an Ghníomhaireacht a dhíscaoileadh agus a tailte a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA).

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta d'aistriú ordúil úinéireachta ar a cuid tailte chuig an LDA agus cé go bhfuil an t-ullmhúchán chuige sin ar siúl, coimeádann an Ghníomhaireacht campas an Mhoil Dhigitigh ar siúl agus leanann sí uirthi á cur chun cinn mar phríomhshuíomh do ghnóthaí teicneolaíochta agus meán digiteach agus do dhaoine cruthaitheacha. Geallann an Ghníomhaireacht i gcónaí leanúint lena réimse leathan clár agus comhpháirtíochtaí pobail a théann i dteagmháil le daoine atá éagsúil ó thaobh aoise, cumais agus suime de inár bpobal áitiúil agus san éiceachóras digiteach i gcoitinne.

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht campas úrscothach le spás oifige inoiriúnaithe, inacmhainne agus inrochtana atá feistithe ar ardchaighdeán leis na gnéithe agus an bonneagar go léir a theastaíonn ó chuideachtaí ardfhuinnimh atá méadú. Chun é seo a bhaint amach teastaíonn timpeallacht oibre dea-eagraithe, agus chuige sin, ceapadh Acacia Facilities Management i mí Iúil chun seirbhísí bainistíochta saoráidí seachfhoinsithe a sholáthar ar fud an champais.

Chuir an Mol Digiteach fáilte roimh an leoraí bia The Salty Buoy chuig an gcampas i mí Feabhra. Ullmhaíodh béilí bia mara inbhuanaithe d'ardchaighdeán do mhuintir na háite, d'oibríthe agus do chuariteoirí

chuig limistéar na Saoirsí sa veain Citroen H ón mbliain 1972.

Bhí sean-Túr Phádraig ag déanamh a ghnó i gcónaí ag tarraingt airde ar champas an Mhoil Dhigitigh. Bhí soilsiú álainn le teilgín ildaite ar an Túr, atá ar an muileann gaoithe dín inaistrithe is airde san Eoraip, mar chuid de 'Soilse Geimhridh Bhaile Átha Cliath' de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ó 14 Samhain go 1 Eanáir.

Tá Túr Phádraig le bheith mar lárionad do mhargadh amuigh faoin aer, tar éis fiosrúcháin ó ghrúpa nua darb ainm 'We Love Markets' go déanach in 2021. Creideann na díoltóirí margaidh in acmhainn margáí cathrach agus comharsanachta fuinneamh nua agus gníomhaíocht idir eacnamaíoch, shóisialta agus chiorclach a thabhairt isteach i gceantair uirbeacha. Tá an smaoineamh gur príomhionaid phoiblí chun teacht le chéile iad na margáí ina leagtar béim ar an gcultúr áitiúil agus a athbheochann lár cathrach bríomhar, ag teacht go maith le hobair an DHDA. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na margáí sa chéad ráithe de 2022.

## Úsáid Fuinnimh

TTá spriocanna ag an earnáil phoiblí chun a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Mar chuid den phróiseas, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí, ar nós DHDA, sonraí éifeachtúlachta fuinnimh bliantúla a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a bhainistíonn an próiseas tuairiscithe thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Úsáid Fuinnimh (kWh)	2021	2020
Leictreachas (MPRN)	866	1,255
Gás (GPRN)	942	1,109
Fuinneamh seachas Fuinneamh MPRN/GPRN	3.6	
Gás-ola	30	74
<b>Ídiú Iomlán</b>	<b>1,747</b>	<b>2,438</b>



# Fócas ar an mBraisle Fiontraíochta

## Ag freagairt don díscáileadh

Bhí an Ghníomhaireacht in ann go leor cuideachtaí a raibh imní orthu a chur ar a suaimhneas go leanfadh an Mol Digiteach air ag tacú leo agus á gcoinneáil ar an eolas faoin sceideal le haghaidh aistriú ordúil úinéireachta tailte an Mhoil Dhigitigh go dtí an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA). Tá sárcháil ar an nGníomhaireacht i measc na gcuideachtaí agus na bpáirtithe leasmhara fiontair go léir agus mar sin bhí sé thar a bheith tábhachtach go gcloisfeadh daoine an scéal seo go díreach ó fhoireann Seirbhísí Cliant an DHDA, a fuair go leor teachtaireachtaí tacaíochta.

Faoi mhí na Samhna, bhí an Ghníomhaireacht in ann a dhearbhuí go mbeadh an campas fós ar fáil mar shuíomh do chuideachtaí digiteacha go dtí 2025 ar a laghad, ar feitheamh athfhorbairt an champais ag an LDA sna blianta atá le teacht. Leanann an Ghníomhaireacht uirthi ag cur a cuid cliant, idir reatha agus ionchasacha, ar a suaimhneas maidir le ‘gnó mar is gnách’ a bheith ann don Ghníomhaireacht go dtí go gcuirfeadh deireadh le hoibríochtaí.

Bhí tionchar na paindéime ag cur isteach ar ghníomhaíochtaí forbartha fiontair an Mhoil Dhigitigh i gcónaí. Lean go leor de na cuideachtaí teicneolaíochta agus meán digiteach ag an Mol Digiteach de bheith ag obair ón mbaile agus lean cuideachtaí eile ag cumasc obair oifige agus baile i rith na bliana. De réir mar a shocraíonn na cuideachtaí seo bealaí nua oibre don am atá romhainn, tá an Ghníomhaireacht tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt dóibh agus don earáil teicneolaíochta i gcoitinne le roghanna solúbtha.

## Stiúideo iD8 ag Tigín an Gheata

Mar fhreagra ar an éileamh méadaitheach ar oibriú hibrideach, sheol an Mol Digiteach spás oibre nua, ar a dtugtar iD8 Studio. Spás lánfheistithe é seo a bhí ina spás

oifige roimhe seo, ach athchóiríodh é do na cuideachtaí sin atá ag iarraidh oibriú cumaisc a éascú dá bhfoirne. Ó seoladh é sa samhradh cuireadh cruinnithe, imeachtaí agus ranganna ar siúl sa spás oibre do chuideachtaí teicneolaíochta, ospidéal agus soláthraithe cúram sláinte, institiúidí acadúla agus soláthraithe oiliúna. Tá an dara spás oibre, Stiúideo 2, feistithe anois chun áiseanna den chineál céanna a sholáthar - ba chomh mór sin a bhí an t-éileamh ar Stiúideo iD8 ó osclaíodh é i mí Lúnasa 2021.

## Ag freagairt don mhargadh le réitigh oibre hibrideacha

Nuair a bhí 2021 ag druidim chun deiridh thosaigh an Ghníomhaireacht ag dearadh pacáistí oibre hibrideacha nua. Tá siad seo ceaptha chun rochtain a thabhairt do chuideachtaí ar na buntáistí uile a bhaineann le campas an Mhoil Dhigitigh ach amháin go bhfuil téarmaí agus coinníollacha níos solúbtha fós i gceist mar aon le praghsáil iomaíoch roimh ré. Seolfar na pacáistí oibre hibrideacha nua seo go luath in 2022.

I bhfianaise na taithí a fuarthas ónár gcuideachtaí le dhá bhliain anuas, agus ár dtuiscint ar an athrú a spreag forbairtí in obair hibrideach, táimid ag athdhearadh ár straitéis forbartha braisle agus ár ngníomhaíochtaí margáíochta, go háirithe tríd na meáin shóisialta.

Tá sé mar aidhm againn ár mbonn cliant a atógáil agus ár dtarraingteacht a leathnú, go háirithe dóibh siúd sna hearnálacha cruthaitheacha, ionas go leanfaimid ar





aghaidh ag seachadadh ní hamháin tairbhí eacnamaíocha ach tairbhí cultúrtha freisin do Bhaile Átha Cliath de réir mar a thagann an tsochaí as an bpaindéim.

#### **Buaicphointí ón mBraisle Fiontraíochta**

Faoi dheireadh na bliana bhí 31 ghnó bunaithe laistigh den bhraisle, agus bhí thart ar 300 duine fostaithe ag cuideachtaí i rith na bliana. Chuir an Mol Digiteach fáilte roimh dhá chuideachta Éireannacha nua chuig a champas — Remedy Bio, cuideachta bhiteicneolaíochta nana-scála agus Equiendo, a sholáthraíonn réitigh éifeachtúlachta oibriúcháin d'oibreoirí líonraí móibíleacha. D'fhill triúr iar-thionóntaí an Mhoil Dhigitigh ar a spás oifige i rith na bliana freisin — comhairleacht léargais straitéiseacha, Bricolage, agus eagraíochtaí

tionscail agus acadúla, Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha.

Bhí ballchuideachtaí ar thús cadhnaíochta i nuálaíocht teicneolaíochta agus meán digiteach, dá bhí sin d'éirigh go breá linn in 2021;

- **Bhronn an Chomhairle Eorpach um Nuálaíocht (EIC) maoiniú suntasach ar Akara Robotics, rud a chuideoidh le háis táirgthe róbait a chruthú i mBaile Átha Cliath agus oibríochtaí tráchtála an ghnó a leathnú. Táthar ag súil go soláthróidh an maoiniú a moladh, a dhámhfar trí chlár luasaire fíor-iomaíoch an EIC, €2.4 milliún ar a laghad, agus táthar ag súil go mbaileofar níos mó trí chomhinfeistíocht.**

- Cuideachta eile a bhain leas as maoiniú EIC ná RemedyBio, a d'fhógair dúnadh críochnaitheach €8m de mhaoiniú cothromais ón EIC. Tá an €8m sa bhreis ar an €2.5m a bhronn an Luasaire EIC ar RemedyBio i Meitheamh 2020 chun 'Ardán Mearfhreagartha Paidéime' a fhorbairt, rud as a leanann go bhfuil maoiniú iomlán €10.5m i gceist.
- Sheol Campsited, an t-ardán áirithinte ar líne do láithreáin champála, babhta tiomsaithe airgid chun €2.9m a bhailiú chun tacú lena phlean fás an ghnó a mhéadú tuilleadh agus féachaint ar éadálacha féideartha.
- Lean MEG Support Tools orthu ag leathnú a dteaghlach cliant le NHS Lothian, Albain, Ospidéal Reem, Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha agus Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, Baile Átha Cliath. Chuaigh NHS Lothian le hinstiúidí NHS lena n-áirítear na hIonntaobhais Fondúireacht NHS Guy agus St. Thomas agus Ospidéal Barnsley chun ardán cuimsitheach MEG a úsáid chun a bpróisis iniúchta a dhigitiú agus a bhainistiú ó cheann ceann. Bainfidh Ospidéal Reem agus Ospidéal Ollscoile Thamhlachta úsáid as sraith táirgí Bainistíocht Cáilíochta MEG ar mhaithe le tionchair dhearfacha ar cháilíocht agus ar shábháilteacht othar.
- D'fhógair Gléasanna Neuromod leathnú mór ar a ghléas cóireála tinnitus, Lenire, i ndá thír Eorpacha nua. Tá Lenire ar fáil anois do dhaoine a bhfuil tinnitus orthu trí chlinicí comhpháirtíochta speisialtóra sa Ríocht Aontaithe agus san Eilvéis. Ina

theannta sin sheol sé an chéad seirbhís teileleighis in Éirinn atá tiomnaithe do chianmheasúnú, cianchúram agus cianchóireáil othar a bhfuil tinnitus orthu.

- Chuaigh WaytoB i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide chun Digi-ID a chomhfhorbairt, ardán cuimsitheach ríomhfhoghlama. Is é WaytoB an comhpháirtí teicneolaíochta do Digi-ID a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an chuimsithe dhigitigh agus úsáid íseal na dteicneolaíochtaí digiteacha i measc daoine faoi mhíchumas intleachta.

### WITECH

Is iad an Mol Digiteach in éineacht le OT Bhaile Átha Cliath na comhpháirtithe Éireannacha in WITECH, tionscnamh Erasmus+ de chuid AE a fhéachann le heolaithe, innealtóirí agus teicneolaithe bainearna ar fud na hEorpa a spreagadh chun gnólachtaí a fhorbairt a bheidh bunaithe ar a saineolas. Bhí an Mol Digiteach i gceannas ar chruthú láithreáin ghréasáin chun WITECH a chur chun cinn agus seoladh é seo i mí Iúil ag [www.witech.training](http://www.witech.training).

Leanann an obair ar aghaidh i measc na gcomhpháirtithe ar chúrsa foghlama cumaisc a chruthú a chothaíonn na scileanna agus an mhúinín a theastaíonn ó bhean le cáilíochtaí STEM chun a gnó nuálaíoch féin a chruthú. Tá MOOC (Ollchúrsa Oscailte Ar Líne) á fhorbairt faoi láthair, agus táthar ag súil go seolfar é i R2 2022 sula gcuirfear chun cinn é ar fud na hEorpa.





# Ag díriú ar Chláir & Comhpháirtíochtaí Pobail

Soláthraíonn an Mol Digiteach cláir chruthaitheacha a chuimsíonn réimsí éagsúla, ó scileanna an 21ú haois a fhorbairt i ndaoine, idir óg agus aosta, go dtí an cumas a léiriú atá ag teicneolaíocht dhigiteach agus ábhar digiteach sláinte agus folláine na saoránach agus inbhuanaitheacht chomhshaol Bhaile Átha Cliath 8 a chur chun cinn.

Spreagann cláir an Mhoil Dhigitigh rannpháirtíocht daoine éagsúla ó thaobh aoise, cumais agus suimeanna de sa phobal áitiúil agus san éiceachóras digiteach i gcoitinne. In 2021 d'oibrigh an Mol Digiteach le comhpháirtithe nua chun cláir nua a thabhairt don phobal de bhreis ar chomhpháirtíochtaí agus gníomhaíochtaí fadtéarmacha leanúnacha.

## Smart D8

Seoladh Smart D8 go hoifigiúil i mí an Mhárta - tionscnamh spreagúil a bhfuil sé mar aidhm aige sláinte agus folláine na saoránach a athrú ó bhonn trí nuálaíocht agus trí chomhoibriú. In éineacht le Baile Átha Cliath Cliste, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal San Séamas, tá an Mol Digiteach ar cheann de na ceithre chomhpháirtí tosaigh sa tionscnamh seo, a chuimsíonn réimse comhpháirtithe eile freisin, mar ospidéal mhóra, institiúidí taighde agus gnólachtaí.

Tar éis taighde príomhúil fairsing ar shaincheisteanna sláinte agus folláine i gceantar Bhaile Átha Cliath 8, rinneadh glao ar threoirthionscadail nuálacha a thugann aghaidh ar na réimsí meabhairshláinte, bainistíocht sláinte an daonra agus tionchar COVID-19. Fógraíodh cúig thionscadal rathúla, agus cuireadh tús le trí cinn de na treoirthionscadail sin i bhFómhar 2021:

- **Virtual Nature** — I gcomhpháirtíocht le SolasVR, déanfaidh an tionscadal seo clár píolótach d'ardán Machnaimh Réaltachta Fíorúla sa phobal. Cumasaíonn SolasVR micrea-bhriseadh chun gur féidir leis na húsáideoirí roinnt ama agus spáis a chruthú ar shiúl ó imeachtaí nó cásanna atá ag imirt tionchair orthu.
- **Croí ár gCathrach** — I gcomhpháirtíocht le Foras Croí na hÉireann agus Novartis, is clár sláinte don bpobal é Croí ar gCathrach a dhíreoidh ar shláinte croí i mBaile Átha Cliath 8. Nascfaidh an treoirthionscadal seo daoine i mBaile Átha Cliath 8 le réimse acmhainní chun tacú lena sláinte chardashoithíoch, ag tógáil ar thionscnaimh ordaithe shóisialta atá ar bun sa cheantar cheana féin.
- **Bealaí chun na Folláine: Ag Foghlaim ó Dhaoine Áitiúla** — I gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Meabhairshláinte Naomh Pádraig, is tionscadal é Bealaí chun na Folláine a thacóidh le mic léinn foghlaim faoi mheabhairshláinte agus folláine trí bheith rannpháirteach i saol an phobail bhreacaosta i mBaile Átha Cliath 8. Tá an tionscadal deartha do dhaltáí bunscoile agus meánscoile sa cheantar.

Déanfar glaonna breise ar threoirthionscadail le linn an tionscnaimh dhá bhliana Smart D8.

### Dúshlán Físe Le Chéile #D8

Is clár nua é Dúshlán Físe Le Chéile #D8 do dhaltaí meánscoile áitiúla ó chomhpháirtíocht nua idir CB Media agus an Mol Digiteach. Ceapadh an clár seo chun forbairt dhearfach agus athléimneacht na hóige a chothú, tréith atá ag teastáil anois níos mó ná riamh chun cabhrú le scoláirí a gcuid láidreachtaí féin a aithint agus meabhairshláinte a iniúchadh ar bhealaí atá bríoch agus táirgiúil dóibh.

Tugann an clár dúshlán do scoláirí foghlaim conas a gcuid físeáin ar chaighdeán gairmiúil féin a tháirgeadh, nascacht a fheabhsú agus tacú lena chéile trí scéalta láidreachta a roinnt, agus ag an am céanna scileanna léiriúcháin físeán, scannánaíochta agus eagarthóireachta a fhoghlaim a bheidh úsáideach dá ngairmeacha beatha amach anseo.

### MAP Junior


Tháinig Millennia Aviation agus an Mol Digiteach le chéile chun MAP Junior (clár Eitlíochta na Mílaoise) a sheachadadh - clár spraiúil cruthaitheach faoi aerfheithiclí gan fhoireann (UAV) agus teicneolaíochtaí IoT. Déanann an clár oideachais STEM seo daltaí meánscoile a thumadh isteach i saol na UAVanna (nó dróin) i dtimpeallacht ranga spraiúil phraiticiúil chruthaithigh. D'fhoghlaim na scoláirí faoin teicneolaíocht seo atá ag forbairt go tapa, agus níos tábhachtaí fós, conas í a úsáid go sábháilte agus go heiticiúil.

### Bee8

Tá an Mol Digiteach ag tacú le grúpa pobail áitiúil, Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet (CDP), lena thionscadal beachaireachta i lár na cathrach. Is é is aidhm don tionscadal timpeallacht nádúrtha Bhaile Átha Cliath 8 a fheabhsú, fostaíocht a chruthú, deiseanna oideachais a sholáthar don phobal áitiúil trí fhiontar sóisialta, agus tuiscint níos fearr a fháil ar staid chomhshaoil an cheantair trí nuálaíocht teicneolaíochta.

Le cabhair ón Mol Digiteach agus Smart D8, tá 20 coirceog suiteáilte anois agus ag feidhmiú ar fud Bhaile Átha Cliath 8, sé cinn ar champas an Mhoil Dhigitigh san áireamh. Is iad na pleananna meántéarmacha don tionscadal ná braiteoirí Idirlíon na nEarraí (IoT) a chomhtháthú chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus táirgiúlacht na gcoirceog, agus léargais a sholáthar freisin ar thimpeallacht an cheantair.





### **Mol na gCrann Pocket Forests**

I samhradh na bliana 2021 tháinig comhpháirtíocht idir an Mol Digiteach agus an fiontar sóisialta Pocket Forests chun críche nuair a suiteáladh Mol na gCrann Pocket Forests ar champas an Mhoil Dhigitigh. Is é Mol na gCrann an chéad phlandlann in Éirinn i suíomh lár na cathrach chun crainn dhúchasacha Éireannacha a fhás agus feidhmíonn sé mar phointe dáileacháin chun breis plandála a chur ar siúl timpeall ar Bhaile Átha Cliath 8 agus níos faide i gcéin. Chomh maith leis an bplandlann crann dúchasach, chuir Pocket Forests isteach an chéad fhoraois phóca i mBaile Átha Cliath 8. Agus é suite i scipe bruscair athchóirithe ina bhfuil plandaí dúchasacha cosúil le beithe, caorthann, crann feorais agus caor chon, cuireann an fhoraois phóca bithéagsúlacht agus pailniú chun cinn. Reáchtáil Pocket Forests sraith ceardlann ag an Mol Digiteach chun oideachas a chur ar dhaoine faoi na buntáistí a bhaineann le bithéagsúlacht, pailniú, múirín, sláinte na hithreach agus an tábhacht a bhaineann le héiceachórais shláintiúla foraoise i gceantair uirbeacha. Tá an chomhpháirtíocht seo ar an gceann is déanaí in iarrachtaí an Mhoil Dhigitigh gníomhaíochtaí inbhuanaithe a chothú i mBaile Átha Cliath 8 a chuireann sláinte an chomhshaoil chun cinn agus a théann i ngleic le hathrú aeráide.

### **Screen8**

Léirigh Screen8, clár lasmuigh den scoil do dhaoine óga ó Bhaile Átha Cliath 8 agus an ceantar máguaird, an gearrscannán a cruthaíodh mar chuid den chlár scannánaíochta seo, dar teideal 'The Debs Debaclé', i mí an Mhárta mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath de chuid Virgin Media. Agus é suite i ndomhan COVID-19, léirigh an gearrscannán na hamhrais agus na hábhair díomá a bhaineann le bheith i do dhéagóir le linn paindéime. Thug sé aghaidh ar théamaí cairdis, féinmheasa agus meabhairshláinte.

Níos déanaí sa bhliain rinne an clár scannánaíochta Screen8 maighdeog chruthaitheach — shocraigh an Mol Digiteach agus Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, a reáchtáilann Screen8 i gcomhpháirt, deis a thabhairt dóibh siúd atá 60 bliain d'aois agus níos sine blaiseadh den scannánaíocht a fháil agus oibriú le scannánaíoir gairmiúil chun a ngearrscannán féin a chruthú. Tabharfaidh an próiseas dúshlán do dhaoine scothaosta agus beidh siad rannpháirteach i dtionscadal cruthaitheach spráíúil. Cuirfear an gearrscannán i láthair den chéad uair ag Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath Virgin Media i mí Feabhra 2022.

### **D8 Surfers Club**







Bhí an D8 Surfers Club, áit a dtugtar treoir do chónaitheoirí áitiúla agus iad ag fáil amach conas is féidir leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha ina saol laethúil, a bheith ina fhoinsé luachmhar i gcónaí le haghaidh nasc agus idirghníomhaithe do go leor sa cheantar le linn COVID-19. Lean an grúpa rannpháirtithe breacaosta ó Bhaile Átha Cliath 8 ag teacht le chéile le linn an choda is mó den bhliain nach mór, agus i dtreo dheireadh 2021 d'fhill roinnt ball den ghrúpa ar stiúideo foghlama an Mhoil Dhigitigh le haghaidh roinnt seisiún duine le duine.

#### **Future Creators Cadets**

Is clár foghlama digiteach iarscoile é Future Creators Cadets do pháistí idir 10 agus 12 bliana d'aois ó Bhaile Átha Cliath 8. Bhunaigh an Mol Digiteach in 2015 é agus is é H2 Learning a sheachadann é. Mar gheall ar threoirínte sláinte poiblí le linn 2021, bhí sé riachtanach an clár seo a oiriúnú lena sheachadadh ar líne i bhfoirm ceardlanna códaithe le bunscoileanna áitiúla. Chuidigh na ceardlanna leis na páistí tuiscint a fhorbairt ar an gcód agus ar na halgartaim a theastaíonn chun a gCluichí Retro féin a chruthú.

#### **An Tionscadal Ceoil Liber8**

Is clár iarscoile é Tionscadal Ceoil Liber8 do leanaí idir 14 agus 16 bliana d'aois atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath 8 sna ceantair

máguaird. Is é an Mol Digiteach agus Institiúid BIMM Baile Átha Cliath a bhunaigh é in 2017. Glacadh seal cruthaitheach in 2020 lena chinntiú go bhféadfadh an clár leanúint ar aghaidh in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann mar thoradh ar COVID-19, agus b'fhéidir linn leanúint ar aghaidh leis an gclár ar líne in 2021, i bhfoirm cúrsa tosaigh i léiriú ceoil. Tháinig daoine óga le chéile le teagascóir ar líne, áit ar tugadh cabhair dóibh chun bunghnéithe bogearraí Ableton agus teicnící léirithe ceoil a fhoghlaim, rud a chuir ar a gcumas píosaí ceoil dá gcuid féin a chruthú.

#### **Teen-Turn**

Ó 2017 i leith, tá an Mol Digiteach ag tacú le hobair Teen-Turn — carthanas cláraithe faoi stiúir oibríthe deonacha a oibríonn le heagraíochtaí ar fud na hÉireann chun eiseamláirí gairme STEM agus taithí phraiticiúil a chur ar fáil do chailíní sna déaga ó phobail faoi mhíbhuntáiste chun aghaidh a thabhairt ar an chuimsiú sóisialta sa tionscal, éagothroime inscne agus dúshlán a bhaineann le ganntanas scileanna. In 2021, lean an Mol Digiteach ag tacú leis na tionscnaimh Technovation Challenge agus Project Squad trí scoláirí bainneanna ónár gceantar agus mná atá ag obair i dteicneolaíocht agus sna meáin dhigiteacha inár mbraisle fiontair a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna cláir.

# Fócas ar Rannpháirtíocht leis an bPobal Ealaíne & Cruthaitheach

## Ealaíontóir Cónaithe

Tá ceann de na pobail is suimiúla agus is cruthaithí i gcathair Bhaile Átha Cliath i gceantar na Saoirsí, agus cuireann an Mol Digiteach trasnú ar fáil idir cruthaitheacht, ealaín, nuálaíocht agus teicneolaíocht ar mhaithe lenár bpobal.

Tá Clár Ealaíontóir Cónaithe an Mhoil Dhigitigh, atá i bhfeidhm ó 2018, ina ghné rithábhachtach den trasnú sin. In 2021 rinneadh Seoidín O’Sullivan ar an gceathrú ealaíontóir cónaithe ag an Mol Digiteach. Ealaíontóir comhaimseartha is ea í a bhfuil cleachtas le baint shóisialta aici. Lena chois sin tugann sí léachtaí sa Chultúr Amhairc ag NCAD. Tá a cuid tionscadal ealaíne comhoibríoch agus díritear ar phobail a thabhairt le chéile chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna lena n-áirítear úsáid talún, eolas cailte, ceartas sóisialta, agus bithéagsúlacht.

## Sraith Seimineáir Ghréasáin faoi Chultúr Dhigiteacha

In earrach na bliana 2021, d’fhógair an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, Baile Átha Cliath (NCAD) agus An Mol Digiteach comhpháirtíocht nua le sraith seimineáir ghréasáin tosaigh Sa Phobal



chun díriú ar nádúr claochlaitheach na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ag freastal ar chleachtas ealaíne, taighde acadúil, agus tionscal.

Chomhthionóil Elaine Hoey, an tríú ealaíontóir cónaithe sa Mhol Digiteach, ar chríochnaigh a cónaitheacht in 2021, an clár seo de sheacht seimineár gréasáin a craoladh beo ar YouTube chuig lucht féachana fíorúil mar gheall ar shrianta sláinte poiblí ar chruinnithe pearsanta. Chuir an chomhpháirtíocht seo idir NCAD agus an Mol Digiteach le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i mball ina bhfuil cleachtas ealaíne, teicneolaíochta agus sochaí ag trasnú a chéile.

## Suiteáil Ealaíne Poiblí

Go déanach in 2021 choimisiúnaigh an Mol Digiteach — i gcomhpháirtíocht leis an ealaíontóir agus aireagóir Robin Price — tionscadal ealaíne chun iniúchadh a dhéanamh ar chaidreamh Bhaile Átha Cliath 8 leis na meáin shóisialta agus sonraí. Beidh teilgean léasair istoíche ar Thúr Phádraig i gceist leis an tionscadal, atá mar chuid de rannpháirtíocht an Mhoil Dhigitigh sa tionscnamh sláinte agus folláine, Smart D8. Tá sé beartaithe an tsuiteáil spreagúil ealaíne poiblí seo a sheoladh i mí Eanáir 2022.






## Tacú leis na hEalaíona agus na Tionscail Chruthaitheacha

I rith na bliana lean an Mol Digiteach ag tacú leo siúd atá ag obair agus/nó ag staidéar sna tionscail chruthaitheacha agus sna healaíona. I measc na mbuaicphointí tá:

- Chruthaigh an Performance Corporation i gcomhar le Once Off Productions agus An Mol Digiteach eispéireas fíor-speisialta a mheasc an Réaltacht Fhíorúil le léiriú beo. ‘Emperor 101’ a tugadh air agus reáchtáladh mar chuid d’Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath é. Tugadh cuireadh don lucht féachana teacht chuig ionad ar champas an Mhoil Dhigitigh, áit ar tumadh i ndomhan digiteach malartach iad a léiríonn meon teoiricí comhcheilge.
- Lean an Mol Digiteach ag tacú le hobair Féile Imill Bhaile Átha Cliath maidir le léirithe a chur i láthair ag trasnú na healaíne agus na teicneolaíochta. Mar Chomhpháirtí Digiteach Oifigiúil, thacaigh an Mol Digiteach le cúig sheó, agus cruthaíodh an chuid is mó díobh chun taitneamh a bhaint astu ar líne. Dhéileáil siad le téamaí na teicneolaíochta, na cruthaitheachta, na scéalaíochta agus na folláine.
- Lean an Mol Digiteach lena urraíocht ar Ghradam an Mhoil Dhigitigh ag seó deireadh bliana céime sna Meáin Dhigitieacha Chruthaitheacha de chuid OT Bhaile Átha Cliath dar teideal Kaleidoscope. Reáchtáladh an t-imeacht taispeántais trí shruth beo i mí na Bealtaine agus ba é Nhu Thai buaiteoir Gradam an Mhoil Dhigitigh as ucht a tionscadail bheochana idirghníomhaigh ar a dtugtar ‘Glasbot’. Tá sé deartha chun tionchar dearfach na hathchúrsála a mhúineadh do leanaí.
- Tacaíonn an Mol Digiteach leis an eagraíocht ealaíon atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath 8, Common Ground, chun dhá chlár a sheachadadh a rachaidh chun tairbhe do dhaoine sa cheantar — Republic of Sound (tionscadal ceoil idirghlúine) agus Mapping Green Dublin 2 (ag comhdhlúthú moltaí ó thaighde Mapping Green Dublin a rinne Scoil na Tíreolaíochta, COBhÁC, i gcomhar leis an eagraíocht ealaíon Common Ground agus comhpháirtithe lena n-áirítear an t-ealaíontóir cónaithe an Mhoil Dhigitigh, Seoidín O’Sullivan).



# Ag díriú ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) fós ina phríomh-chrann taca do Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (DHDA).

Leis an tasc atá aici campas comhoibríoch a réachtáil do chuideachtaí agus eagraíochtaí atá ar thús cadhnaíochta na teicneolaíochta agus na meán digíteach, agus athghiniúint uirbeach a éascú i limistéar na Saoirsí, is féidir leis an nGníomhaireacht ról lárnach a bheith aige i gcur chun cinn an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe laistigh dá earnáil, mar chomh maith lena phobal náisiúnta agus áitiúil.

Cheap an Gníomhaireacht Oifigeach EDI in 2019, agus ghlac Bord an Mhoil Dhigitigh agus baill foirne beartas EDI le plan gníomhaíochta don bhliain 2021. Mar thoradh ar díscáileadh an DHDA a fhógairt agus an tionchar a bhí aige ar ár ngnó agus ar ár straitéis, mar aon le tionchar COVID-19 ar ár ngníomhaíochtaí, tháinig laghdú ar chuid de na spriocanna a bhí le baint amach againn de réir ár bplan gníomhaíochta. Mar sin féin, tá dul chun cinn déanta:

- Rinne an Foras Riaracháin measúnú seachtrach ar fheidhmíocht an Bhoird agus a chuid Coistí. Rinne sé siúd breithniú ar chothromaíocht inscne, éagsúlacht agus meascán scileanna an Bhoird.

- Chuir feachtais earcaíochta tiomantas an Ghníomhaireacht do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in iúl go soiléir.
- Leanamar le hanailís agus monatóireacht a dhéanamh ar éagsúlacht ár gcliantchuideachtaí agus leanamar lenár gcuid oibre chun campas a fhorbairt a ionadaíonn éagsúlacht na mbunaitheoirí agus na bhfoirne teicneolaíochta nuathionscanta.

Foilsíodh larscríbhinn nua ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun cur leis an gCód Cleachtais reatha um Rialachas Comhlachtaí Stáit i Meán Fómhair 2020. Leanann an Gníomhaireacht ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanas na hlarscríbhinne seo maidir le cothromaíocht inscne ar an mBord. Nuair a thagann folúntais chun cinn ar an mBord, cuireann an Cathaoirleach cothromaíocht inscne an Bhoird reatha in iúl don Aire agus deimhníonn sé go bhfáilteodh an Bord roimh éagsúlacht leanúnach, bhreise ina bhallaíocht.

# Cuideachtaí ag feidhmiú sa Mhol Digiteach ar an 31 Nollaig 2021

Akara Robotics

---

Bizimply

---

Black Shamrock

---

Braahmam

---

Bricolage

---

Cloudbeds

---

Dublin International  
Film Festival

---

Dot Nice International

---

Equiendo

---

Good Travel Software

---

H2 Learning

---

iNavtas

---

Incognito

---

Jude Healy Creative

---

Juvo

---

Lonely Planet

---

MEG Support Tools

---

Coláiste Náisiúnta  
Ealaín agus Deartha

---

Neuromod Devices

---

Nextdoor

---

Noggin

---

Odin Consultants

---

One Foundation

---

PixelSoup

---

Quantum Information  
Systems

---

Remedy Biologics

---

South West Inner City  
Local Employment Centre

---

Total Digital

---

UX Design Institute

---

waytoB

---

Xwerx

---

# An Bord

Tá Bord an DHDA freagrach as straitéis agus beartais leathana a leagan síos don Ghníomhaireacht agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheapann comhaltaí an Bhoird le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Mairfidh ceapacháin Boird ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana, agus tá comhaltaí incháilithe le haghaidh athcheaptha.

Laistigh dá ghníomhaíochtaí féin agus d'úsáid coistí a bhfuil téarmaí tagartha

ceadaithe acu, oibríonn an Bord de réir na bhforálacha atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Reáchtálann an Bord an oiread cruinnithe gach bliain agus is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus cruinniú amháin ar a laghad in aghaidh na ráithe.


## Board Members



Paul Holden,  
Cathaoirleach



Fiach Mac  
Conghail, Ball  
Boird agus POF



Stephen  
Casey,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin



Michael  
Conlon,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin,  
Ionadaí don  
Phobal Áitiúil



Carol Gibbons,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin,  
Fiontraíocht  
Éireann



Owen Keegan,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin,  
Príomhfheidh-  
meannach,  
Comhairle  
Cathrach  
Bhaile Átha  
Cliath



Brian Keogh,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin



Darina  
Kneafsey,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin



Ann Markey,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin



Nora  
Nanayakkara,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin



Aimée  
Williams,  
Stiúrthóir  
Neamhfheidh-  
miúcháin, GFT  
na hÉireann

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar chomhlacht reachtúil faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 agus feidhmíonn sí faoi choimirce an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a bhfuil sé de chumhacht aige cistí a sholáthar don Ghníomhaireacht, chun treoracha ginearálta beartais a eisiúint, agus chun faisnéis faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a lorg.

Agus í ag feidhmiú de réir fhorálacha an Achta, comhlíonann an Ghníomhaireacht raon riachtanas reachtúil agus riaracháin eile, go háirithe iad siúd atá leagtha amach thíos:

## **Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit**

Leagann Lámhleabhar Rialachais an DHDA ar ghlac an Bord leis amach gach gné de rialachas, cuntasacht, nósanna imeachta agus struchtúir oibriúcháin, agus féachann sé le forálacha uile an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016 a chur i bhfeidhm. I dtuarascáil ar leith a chuirtear ar fáil don Aire gach bliain, dearbhaíonn an Cathaoirleach comhlíonadh cheanglais Chód na bliana 2016.

## **Treoirínte do Mheasúnú agus Bainistiú Caiteachais Chaipitil**

Glacann an Ghníomhaireacht leis na treoirínte atá leagtha amach sa Chód Caiteachais Phoiblí atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le pleanáil, breithmheas agus measúnú ar thionscadail chaiteachais chaipitiúil.

## **An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001**

Tá oibleagáid ar chomhaltaí Boird agus ar chomhaltaí foirne a bhfuil poist ainmnithe acu forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 a chomhlíonadh, agus Ráiteas Leasanna a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí nuair a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar a bhfeidhmíocht i gcúrsaí na Gníomhaireachta.

## **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**

Comhlíonann an Ghníomhaireacht forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Tugann an tAcht ceart dlíthiúil do dhaoine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh na Gníomhaireachta, a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta. Mar sin féin, cuireann an tAcht cosaint ar fáil d'fhaisnéis atá faoi rún, íogair ó thaobh na tráchtála de nó pearsanta, agus ní féidir faisnéis den sórt sin a scaoileadh faoin Acht gan dul i gcomhairle leo siúd a sholáthair an fhaisnéis. Is féidir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht a sheoladh chuig an Fheidhmeannacht um Shaoráil Faisnéise, an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8, D08 TCV4.

## **Na hAchtanna um Chomhionannas**

### **Fostaíochta 1998-2015**

Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht agus tá sí tiomanta do bheartas comhdheiseanna san eagraíocht. Geallann an Ghníomhaireacht a chinntiú nach dtabharfar aon bhuntáiste d'aon bhall foirne ná d'aon iarratasóir ar fhostaíocht nach dtabharfar d'aon duine eile ar aon fhoras nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta.

### **An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005**

Cosnaítear leas fhostaithe an DHDA trí chloí go docht le caighdeán sláinte agus sábháilteachta. Tá na bearta riachtanacha glactha ag an nGníomhaireacht chun comhlíonadh an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chinntiú, lena n-áirítear glacadh le ráiteas sábháilteachta. Cuimsíonn sé seo na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

### **Cairt na gCliant**

Tá Cairt na gCliant eisithe ag an nGníomhaireacht, a leagann amach a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeán do chliant agus don phobal i gcoitinne. Áirítear sa Chairt seo nós imeachta chun déileáil le gearáin, má thagann siad chun cinn.

Sa tábla thíos tugtar miondealú ar na híocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe le linn 2021:

<b>Mionsonra</b>	<b>Uimhir</b>	<b>Luach</b>
Íocaíochtaí déanta:		
laistigh de 15 lá	323	€2,634,475.40
laistigh de 16 go 30 lá	27	€229,013.10
níos mó ná 30 lá		
<b>Iomlán na n-íocaíochtaí</b>	<b>350</b>	<b>€2,863,488.50</b>
Sonraisc faoi chonspóid ag deireadh na bliana	-	-

## **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Tagann an Ghníomhaireacht faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a sholáthraíonn creat reachtúil do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

### **An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997**

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá cuid oibleagáidí faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 a chomhlíonadh agus a chinntiú go n-íoctar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc bailí go pras. Áirítear le rialuithe inmheánacha na Ghníomhaireachta nósanna imeachta chun sonraisc agus conarthaí atá le híoc a aithint laistigh de na dátaí íocaíochta forordaithe.

Tá na nósanna imeachta seo deartha chun dearbhú réasúnta, cé nach dearbhú iomlán é, a thabhairt maidir le comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Ar bhonn ráithiúil, tuairiscíonn an Ghníomhaireacht, ar a suíomh Gréasáin, líon agus luachanna na n-íocaíochtaí a dhéantar.



# Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta

## Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go bhfoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus aon gníomhartha a rinneadh mar fhreagra ar nochtadh den sórt sin.

De bhun an cheanglais seo, deimhníonn an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach nach bhfuarthas aon tuarascálacha nó go bhfuil siad faoi imscrúdú de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.



# Ráitis

## Airgeadais

### Clár ábhair

---

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	26
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	31
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	34
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil	37
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	38
Ráiteas ar Staid Airgeadais	39
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	40
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	41

---



# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh Bord Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh.

I mí Aibreáin 2021, chinn an Rialtas an DHDA a dhíscaoileadh agus a sócmhainní talún agus réadmhaoine go léir a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Tá gá le reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Caithfidh an POF agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach cloí leis an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht faoin nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 agus i Lámhleabhar Rialachais Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, ina bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na míreanna seasta a bhreithnigh an Bord tá:

- dearbhú leasanna;
- tuarascálacha ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- tuarascálacha feidhmíochta;
- Covid-19
- díscaoileadh an DHDA agus
- gnóthaí forchoimeáda.

Ceanglaítear le hAlt 31(4) den Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 ar Bhord Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach gach cuntas ceart agus gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Leasú.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú; agus
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 31(4) den Acht faoin nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Is é an Bord atá freagrach as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a chothabháil ar shuíomh Gréasáin Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach an 24 Feabhra 2022 faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

In 2021, lean an Bord dá fhreagrachtaí rialachais agus reáchtáladh gach cruinniú sceidealta Boird agus Coiste. Reáchtáladh gach ceann de na cruinnithe Boird agus Coiste seo go cianda trí fhíschomhdháil. Tionóladh dhá chruinniú breise neamhsceidealta den Bhord in 2021 (i mí Aibreáin chun cinneadh an Rialtais an Gníomhaireacht a dhíscaoileadh a phlé, agus i mí Mheán Fómhair chun athcheapachán an Phríomhfheidhmeannaigh a phlé). In 2020, comhaontaíodh go gcuirfeadh an Fheidhmeannacht tuairisciú breise ar shaincheisteanna a bhaineann le Covid-19 ar fáil mar mhír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe Boird. Leanadh den chleachtas seo ar feadh 2021.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2021.

### Struchtúr an Bhoird

Ar 31 Nollaig 2021, bhí an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus ochtar gnáth-chomhalta, agus cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide gach duine acu.

Leagtar amach sa tábla thíos na tréimhsí ceapacháin do dhaoine aonair a bheidh ag fónamh ar an mBord le linn 2021:

Board Member	Role	Date first appointed	Term expiration date
Aimée Williams	Comhalta	07/10/19	06/10/22
Ann Markey	Comhalta	03/06/16	02/06/21
Brian Keogh	Comhalta	03/06/16	02/06/24
Carol Gibbons	Comhalta	13/06/17	04/07/22
Darina Kneafsey	Comhalta	05/07/19	04/07/22
Fiach Mac Conghail	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	21/10/16	20/10/26
Michael Conlon	Comhalta (Ionadaí Pobail Áitiúil)	03/06/16	02/06/21
Nora Nanayakkara	Comhalta	05/07/19	04/07/22
Owen Keegan	Comhalta (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, CCDnG)	07/10/13	03/10/24
Paul Holden	Cathaoirleach	29/05/12	04/07/22
Stephen Casey	Comhalta	05/07/19	04/07/22

Rinneadh Cleachtadh seachtrach Éifeachtúlachta agus Meastóireachta Boird in 2021. Bhreithnigh an Bord torthaí an athbhreithnithe seo an 24 Feabhra 2022. Cuirfidh an Bord moltaí i bhfeidhm le linn 2022. Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord, mar a leanas:

### An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ná tacú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an ARC go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Ba iad baill an ARC sa bhliain: Ann Markey (Cathaoirleach), Stephen Casey (Cathaoirleach), Nora Nanayakkara agus Victor Leonov (ball seachtrach). Bhí 6 chruinniú ag an ARC in 2021.

### Coiste Réadmhaoine

Is é ról an Choiste Réadmhaoine ná tacú leis an mBord trí mhaoirsiú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chur i bhfeidhm na bainistíochta ar bheartais na Gníomhaireachta a bhaineann lena punann réadmhaoine agus trí thuairisciú a dhéanamh ar a thorthaí go rialta don Bhord.

Ba iad baill an choiste seo i mbliana: Brian Keogh (Cathaoirleach), Darina Kneafsey, Fiach Mac Conghail agus Michael Conlon. Bhí 5 chruinniú ag an gCoiste Réadmhaoine in 2021.

### Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste don bhliain 2021 leagtha amach thíos, na táillí agus na speansais a fhaigheann gach comhalta san áireamh:

	Bord	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Coiste Réadmhaoine	Táillí 2021 €	Costais 2021 €
Aimée Williams*	7			-	-
Ann Markey	3	3		3,270	-
Brian Keogh	8		5	7,695	-
Carol Gibbons*	5			-	-
Darina Kneafsey	8		5	7,695	-
Fiach Mac Conghail**	7		5	-	-
Michael Conlon	4			3,270	-
Nora Nanayakkara	5	6		7,695	5
Owen Keegan*	6			-	-
Paul Holden	8			11,970	-
Stephen Casey	8	6		7,695	-
Victor Leonov***		6		-	-
<b>Iomlán</b>				<b>49,290</b>	<b>5</b>

\* Ní íoctar táillí le comhaltaí Boird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoin treoir an Phrionsabail 'Duine amháin Tuarastail amháin', arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar thoradh air sin, ní raibh táillí á bhfáil ag triúr de chomhaltaí Bhord an DHDA i rith na bliana (Aimée Williams, Carol Gibbons agus Owen Keegan)

\*\* Tá Fiach Mac Conghail ina Phríomhfheidhmeannach ar an DHDA agus ní fhaigheann sé Táille Boird.

\*\*\* Ní Comhalta Boird é Victor Leonov. Feidhmíonn sé mar bhall seachtrach gan luach saothair den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Íocadh táillí le comhaltaí Boird ag na rátaí caighdeánacha ceadaithe do na tréimhsí i gceist.

## Príomhathruithe Pearsanra

### Bord

- D'fhág Ann Markey an Bord ar 02/06/21 mar bhí deireadh tagtha lena téarma.
- D'fhág Michael Conlon an Bord ar 02/06/21 mar bhí deireadh tagtha lena théarma.
- Athcheapadh Owen Keegan mar Chomhalta Boird ar 04/10/21 go dtí, cibé acu is luaithe de dháta díscailte na Gníomhaireachta nó an 03/10/24.
- Athcheapadh Brian Keogh ina Chomhalta Boird ar 03/06/21 go dtí, cibé acu is luaithe de dháta díscailte na Gníomhaireachta nó an 02/06/24.
- Athcheapadh Fiach Mac Conghail ina Phríomhfheidhmeannach agus ina Chomhalta den Gníomhaireacht ar 21/10/2021 go dtí, cibé acu is luaithe de dháta díscailte na Gníomhaireachta nó an 20/10/26.

### Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

- Athcheapadh Fiach Mac Conghail ina Phríomhfheidhmeannach agus ina Chomhalta den Gníomhaireacht ar 21/10/2021 go dtí, cibé acu is luaithe de dháta díscailte na Gníomhaireachta nó an 20/10/26.

### An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

- Ceapadh Stephen Casey ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar 27/05/2021 in ionad Ann Markey.

### Rúnaí an Bhoird

- Ceapadh Eoin Corrigan mar Rúnaí eatramhach Boird ar 31/03/2021.

### Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 é. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód.

### Costais Chomhairliúcháin

Áirítear le costais chomhairliúcháin an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don bhainistíocht ach amháin feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

	2021 €	2020 €
Comhairle dlí	2,004	17,464
Soláthar *	(38,187)	77,296
Comhairliúchán agus athfhorbairt	41,855	31,035
Sláinte agus Sábháilteacht	4,828	1,102
Rialachas	8,538	4,239
Luacháil maoine	5,552	7,078
Iniúchadh inmheánach agus cáin	57,624	124,841
<b>Costais chomhairliúcháin iomlána</b>	<b>82,214</b>	<b>263,055</b>
Costais chomhairliúcháin arna gcaipitliú	23,144	88,435
Costais chomhairleoireachta gearrtha ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim arna gcoinneáil	59,070	174,620
<b>Iomlán</b>	<b>82,214</b>	<b>263,055</b>

### \* Soláthar

Ar 31 Nollaig 2020, rinne an chuideachta meastachán ar chostais a tabhaíodh maidir le soláthar seirbhísí TFC. Mar gheall ar an bhfógra díscailte, cuireadh an obair ar athló agus leanfar ar aghaidh léi arís in 2022. Mar thoradh air sin scaoileadh fabhrú a coinníodh ar an 31 Nollaig 2020 le linn 2021.

### Costais Dlí agus Socraíochtaí

In 2021, níor thabhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach aon chostais dlí ná socruithe faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2021 €	2020 €
<b>Baile</b>		
Bord	5	918
Fostaithe	-	459
<b>Idirnáisiúnta</b>		
Bord	-	329
Fostaithe	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>5</b>	<b>1,706</b>

### Caiteachas Fáilteachais

Airítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2021 €	2020 €
Fáilteachas Cliant*	279	1,558
Fáilteachas foirne	137	786
<b>Iomlán</b>	<b>416</b>	<b>2,344</b>

### Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 amhail an 31 Nollaig 2021.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**  
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin

17 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

## Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Soláthraíonn an córas cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

## Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun tacú lena bhainistíocht riosca trí na nithe seo a leanas a bhunú:

- i. beartas bainistíochta riosca;
- ii. beartais, nósanna imeachta agus oiliúint chuí ar bhainistíocht riosca;
- iii. feidhm iniúchta inmheánaigh chun dearbhú neamhspleách a thabhairt ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh;
- iv. Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus a thuiriscíonn a thorthaí don Bhord go rialta;
- v. Coiste Réadmhaoine a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht an fhorfheidhmithe a dhéanann an bhainistíocht ar bheartais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a bhaineann lena punann réadmhaoine agus a thuiriscíonn a chuid torthaí don Bhord go rialta.

## Measúnú tionchair maidir le Covid-19 ar phríomhnósanna imeachta gnó, rialuithe inmheánacha agus pearsanra

Chuir an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tús le gníomhaíochtaí sa chéad ráithe de 2020 chun cur ar chumas na Gníomhaireachta oibríochtaí gnó a choinneáil ar siúl le linn thréimhse na paindéime. Leanadh ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí sin, a glacadh mar fhreagra ar dhúshlán ghnó agus rioscaí méadaithe do rialuithe inmheánacha i rith 2021 agus áiríodh orthu:

- i. athbhreithnithe agus tástáil ar phlean leanúnachais gnó an DHDA;
- ii. bearta sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar fud an champais agus le hoifigí na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach;
- iii. rialuithe slándála TFC neartaithe agus oiliúint athnuachana ar shlándáil faisnéise d'fhoireann an DHDA;
- iv. cur i bhfeidhm obair ón mbaile agus tacaíochtaí ábhartha de réir mar is gá;
- v. athbhreithnithe ar phríomhphróisis ghnó agus ar rialuithe inmheánacha mar fhreagra ar obair ón mbaile;

- vi. tacaíochtaí breise a bhaineann le hacmhainní daonna don fhoireann;
- vii. monatóireacht agus tuairisciú breise don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar shaincheisteanna foirne agus oibriúcháin;
- viii. maoiniú breise faighte ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le haghaidh 2021.

Lean foireann bhainistíochta na Gníomhaireachta orthu ag coinneáil bainistiú riosca ar siúl mar mhír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe bainistíochta; breithníodh rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, ardaíodh neasteagmhais, laigí rialaithe inmheánaigh agus aon sárúithe rialaithe tríd an bhfóram seo agus tuairiscíodh don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Bhord nuair ba chúil. Spreagann an Príomhfheidhmeannach agus an Feidhmeannacht go gníomhach tuairisciú tráthúil ar shaincheisteanna.

### **Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe a bhunú a thugann dearbhú go mbainfidh an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a cuspóirí amach le leibhéal inghlactha riosca iarmharaigh.

Is é atá i gcreat riosca agus rialaithe na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach:

- i. Beartas Bainistíochta Riosca comhaontaithe agus é sínithe ag an mBord;
- ii. Clár Rioscaí a léiríonn na rioscaí sin atá ábhartha i gcomhthéacs na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a bheith ag baint amach a cuspóirí foriomlána. Taifeadtar sa Chlár Riosca measúnú na Gníomhaireachta ar thionchar agus ar dhóchúlacht gach riosca a shainaithnítear, rialuithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú agus daoine aonair atá freagrach as a gcur chun feidhme agus a n-éifeachtacht. Déanann an Feidhmeannacht, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Riosca dhá uair sa bhliain ar a laghad. Tuairiscítear teipeanna ar rialú don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Bhord agus cuirtear gníomh ceartaitheach cuí i bhfeidhm;
- iii. clár riosca maidir leis an Díscaoileadh a dhíríonn ar rioscaí a eascraíonn as cinneadh an Rialtais an Gníomhaireacht a dhíscaoileadh agus a réadmhaoin a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún;
- iv. áirítear ar phríomhphróisis na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach chun rioscaí a rialú:
  - a. nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó;
  - b. creat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligín agus cuntasachta;
  - c. freagrachtaí a shannadh le socruithe comhfhreagracha cuntasachta agus tuairiscithe;
  - d. córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn an Bord agus a ndéanann sé athbhreithniú air, athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéise, socrú spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
  - e. córais atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht chórais TFC na Gníomhaireachta a dhaingniú;
  - f. córais atá i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint;
  - g. córais atá i bhfeidhm chun neasteagmhais agus laigí/teipeanna ar rialú inmheánach a thuairisciú agus a ardú.

### **Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGníomhaireacht a fheidhmíonn de réir an Chreat-Chód Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Tá anailís ar an riosca atá os comhair an chomhlachta mar bhonn eolais ag an obair iniúchta inmheánaigh; tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú agus faomhadh ar an anailís riosca agus ar na pleananna iniúchta inmheánaigh agus faomhann an Bord iad. Cuireann an t-Iniúchadh Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord uair sa bhliain ar a laghad. Áirítear sa tuarascáil tuairim an Iniúchta Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an iniúchta inmheánaigh, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsíonn obair an iniúchta inmheánaigh, ar bhainistíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach atá freagrach as an bhforbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus ar thuairimí a thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó tuarascálacha eile.

### **Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Deimhním, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2021, gur choimisiúnaigh an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Rinne gnólacht seachtrach athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha in 2021 agus chuir Bord na Gníomhaireachta a ainm leis an 24 Feabhra 2022.

Tá an Gníomhaireacht réasúnta cinnte go bhfuil na córais Rialaithe Inmheánaigh a tionscnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm sa Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2021 éifeachtach, ach amháin an méid a leagtar amach thíos faoi Shaincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh.

### **Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach**

Níor sainaitníodh aon saincheisteanna / laigí rialaithe inmheánaigh le linn 2021.

### **Soláthar**

Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun comhlíonadh na rialacha soláthair a chinntiú.

I rith 2021, mar fhaisnéis, bhí cás amháin ann inar chuir an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach Airteagal 32.2(a) i bhfeidhm – “Úsáid an nós imeachta idirbheartaithe gan foilsíú roimh ré”, mar a shonraítear i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE. Tá sé seo ag teacht le 127 agus 128 de Threoirlínte um Sholáthar Poiblí d’Earraí agus de Sheirbhísí na hOifige um Sholáthar Rialtais agus tharla sé nuair a theip ar chleachtadh tairisceana freagraí sásúla a thabhairt ar ais.

Bhí na seirbhísí seo chun ceisteanna sábháilteachta dóiteán a leigheas agus mar sin bhí siad práinneach. Glacadh céimeanna chun luach ar airgead a chinntiú don Gníomhaireacht sa phróiseas agus bhí na rátaí iníoctha inchomparáide leo siúd a bhain comhlachtaí eile san earnáil shibhialta/phoiblí amach trí chomórtais soláthair oscailte.

### **Faomhadh ón mBord**

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag an mBord ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**  
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

17 Meitheamh 2022



# Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais – an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 31 den Acht faoin nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas le haghaidh 2021 de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

### Tobhach ar Shuíomh Folamh

Dírím aird ar nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais ina nochtar gur thabhaigh an Gníomhaireacht caiteachas mar thoradh ar thobhach ar láithreán folamh arna mhuirearú ag an údarás áitiúil maidir le láithreán ar leis an nGníomhaireacht é agus nár forbraíodh. B'ionann an caiteachas agus €227,500 i leith 2021.

**Seamus McCarthy**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

### **Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird**

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 31 den Acht faoin nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhonn chuntasaíochta an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### **Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

Ceanglaítear orm faoi alt 31 den Acht um an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó ina n-iomláine, más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAs, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide agus déanaim measúnú orthu; ceapaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbrathfar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach leanúint ar aghaidh mar gnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis leis an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scor de bheith ina gnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach, i measc nithe eile, as rialachas maidir le scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- Nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### **Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlédaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim de thátal as go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

### **Tuairisciú ar nithe eile**

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Ioncam</b>			
Ioncam Tráchtála agus Eile		1,404,158	2,516,290
Deontais Státchiste	4	2,311,000	1,095,000
		<b>3,715,158</b>	<b>3,611,290</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais a Bhaineann le Foireann	5	1,373,308	1,277,478
Costais Oibríochtaí, Ghinearálta agus Riaracháin	6	2,442,607	2,561,458
Idirchaidreamh Pobail	7	100,980	79,152
Tionscnaimh Dhigiteacha	8	3,152	47,833
		<b>3,920,047</b>	<b>3,965,921</b>
<b>Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin</b>		<b>(204,889)</b>	<b>(354,631)</b>
Méadú ar luach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a aithníodh roimhe seo mar bhearnú	9	4,794,439	3,465,366
Gluaiseacht i luach cóir na Réadmhaoine Infheistíochta	10	(1,608,874)	(2,140,521)
Cáin Chorporáide	12	25,719	(29,189)
<b>Barrachas don Bhliain</b>		<b>3,006,395</b>	<b>941,025</b>
Iarmhéid ar 1 Eanáir		(5,806,875)	(6,747,900)
Iarmhéid ar 31 Nollaig		(2,800,480)	(5,806,875)

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19. Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**  
Cathaoirleach  
17 Meitheamh 2022

**Fiach Mac Conghail**  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Barrachas don Bhliain</b>		<b>3,006,395</b>	<b>941,025</b>
Caillteanais/(Gnóthachain) Achtúireacha ar Dhlíteanais Phinsin	16(c)	109,000	(444,000)
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha		(109,000)	444,000
<b>Gnóthachain Aitheanta Iomlána don bhliain</b>		<b>3,006,395</b>	<b>941,025</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19.  
Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**  
Cathaoirleach

17 Meitheamh 2022

**Fiach Mac Conghail**  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	9	40,162,431	35,273,926
Réadmhaoín Infheistíochta	10	18,750,000	19,801,404
		<b>58,912,431</b>	<b>55,075,330</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Méideanna Infhaighte	13	285,761	299,193
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		1,172,431	1,710,846
		<b>1,458,192</b>	<b>2,010,039</b>
<b>Dliteanais reatha</b>			
Méideanna iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	14	(1,391,528)	(1,733,669)
		<b>66,664</b>	<b>276,370</b>
<b>Glan-Sócmhainní Reatha Lúide Dliteanais</b>			
		58,979,095	55,351,700
<b>Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais roimh Phinsin</b>			
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	16(c)	4,686,000	4,300,000
Dliteanais Phinsin	16(c)	(4,686,000)	(4,300,000)
		<b>58,979,095</b>	<b>55,351,700</b>
<b>Arna léiriú ag:</b>			
Cuntas Caipitil	15	61,779,575	61,158,575
Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil		(2,800,480)	(5,806,875)
		<b>58,979,095</b>	<b>55,351,700</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**  
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin

17 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
Barrachas ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		3,006,395	941,025
Dímheas	9	49,316	72,657
Athluacháil Réadmhaoine	9	(4,794,439)	(3,465,366)
Athluacháil Réadmhaoin Infheistíochta	10	1,608,874	2,140,521
Laghdú ar Mhéideanna infhaighte	13	13,432	309,911
(Laghdú)/Méadú ar Mhéideanna Iníochta	14	(342,141)	110,346
Ús Bainc		(30)	(187)
<b>Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>(458,593)</b>	<b>108,907</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	9	(143,382)	(110,120)
Íocaíochtaí chun Maoin Infheistíochta a fháil	10	(557,470)	(166,925)
<b>Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>(700,852)</b>	<b>(277,045)</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
Ús Bainc a Fuarthas		30	187
Maoiniú Caipitil	15	621,000	100,000
<b>Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		<b>621,030</b>	<b>100,187</b>
<b>Glanlaghdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid</b>		<b>(538,415)</b>	<b>(67,951)</b>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid ar 1 Eanáir		1,710,846	1,778,797
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid amháil 31 Nollaig</b>		<b>1,172,431</b>	<b>1,710,846</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Bunaíodh an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus tá an cheannoifig lonnaithe san Iosta Digiteach, An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8, D08 TCV4.

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### a) Eolas Ginearálta

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht sin:

- i. soláthar an Mhoil Dhigitigh a fháil, a dhaingniú agus a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear oibreacha tógála nó cothabhála a dhéanamh, mar shuíomh le haghaidh fiontair dhigiteacha agus gníomhaíochtaí gaolmhara;
- ii. straitéisí a cheapadh chun daoine aonair agus fiontair atá ag gabháil d'ábhar digiteach agus gníomhaíochtaí gaolmhara a spreagadh chun bualadh fúthu sa Mhol Digiteach;
- iii. soláthar bonneagair theicniúil agus cumarsáide a chur chun cinn agus a éascú chun fiontair dhigiteacha a mhealladh chuig an Mol Digiteach;
- iv. plean forbartha a ullmhú de réir Alt 9;
- v. meastacháin a ullmhú ar chostais chur chun feidhme an phlean forbartha agus roghanna féideartha maoinithe a mholadh;
- vi. maoirsiú agus bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean forbartha;
- vii. dul i gcomhairle le leasanna pobail áitiúla sa Mhol Digiteach nó in aice leis mar chuid d'fheidhmiú an phlean forbartha;
- viii. comhaontuithe a dhéanamh le daoine eile chun forbairt an Mhoil Dhigitigh a áirithiú cibé acu trí lamháltas, comhfhiontar, comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí nó aon mhodh eile;
- ix. comhaontú a dhéanamh, nuair is cuí, le duine a shocraigh nó a sholáthair maoiniú chun aon chuid d'fhorbairt an Mhoil Dhigitigh a chur i gcrích.

Aonán Tairbhe Poiblí (PBE) is ea Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh.

### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus don bhliain roimhe sin de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar a fógraíodh ag Cuntasóirí Cairte Éireann.



### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasáíochta, ach amháin i gcás Deontais Státchiste agus do sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasáíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na hÉireann le comhthoilú ón Aire Airgeadais faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Cuireadh na beartais chuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

### d) Ioncam

#### Deontais Státchiste

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin ina thaobh seo déantar i gcás Deontais Státchiste a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

#### Ioncam Tráchtála agus Eile

Aithnítear ioncam tráchtála agus ioncam eile ar bhonn fabhraithe. Taifeadtar ioncam neamhthuillte mar ioncam iarchurtha agus aistrítear go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe é nuair a thuilltear é.

#### Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh.

### e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

#### (i) Sócmhainní Forbartha

Is é atá i sócmhainní forbartha ná talamh agus foirgnimh ar leis an nGníomhaireacht iad a úsáidfear chun lárionad fiontair nuálach atá bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbairt. Agus an fhorbairt deanta, tugtar cuntas ar na sócmhainní mar Réadmhaoin Infheistíochta.

Caitear le Sócmhainní Forbartha mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus déantar iad a thomhas ag baint úsáide as an tsamhail athluachála. Nuair a ardaítear suim anonn na sócmhainní mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Sa chás go n-aisiompaíonn an méadú laghdú athluachála a aithníodh roimhe seo ar na sócmhainní ábhartha, aithnítear é sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

#### (ii) Daingneáin agus Feistis agus Trealamh Ríomhaireachta

Sonraítear Daingneáin agus Feistis agus Trealamh Ríomhaireachta ag costas líude dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar do bhearnú. Soláthraítear dímheas ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh líude luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saolréanna úsáideacha measta, mar a leanas:

Daingneáin agus Feistis	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Ríomhaireachta	331/3% in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofar faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscairthe a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn in aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leo ag deireadh a ré úsáideach cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

#### **f) Réadmhaoin Infheistíochta**

Is é is Réadmhaoin Infheistíochta ann réadmhaoin ar a bhfuil forbairt críochnaithe agus a choinníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun críche a n-acmhainneacht infheistíochta agus chun cíos a ghiniúint.

Aithnítear réadmhaoin infheistíochta ar a gcostas ar dtús. Déantar réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa a thomhas ag luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach cóir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

#### **g) Suimeanna infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte ag luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann gach suim atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

#### **h) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

#### **i) Sochair Fostaithe**

##### **Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fabhraítear ag deireadh na bliana faoi Nithe Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

##### **Sochair Scoir**

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scéim pinsin le sochar sainithe.

Tá socrú ag an nGníomhaireacht leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) faoina n-aisíocfar an t-airgead go léir a theastaíonn chun oibleagáidí pinsin a shocrú nuair a bheidh siad dlite don Ghníomhaireacht. Mar mhalairt air sin, ní mór don Ghníomhaireacht méid is comhionann le ranníocaíochtaí fostaithe don bhliain a íoc leis an DECC chomh maith le ranníocaíocht fostóra ag rátaí arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag foireann na Gníomhaireachta sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe, íocaíochtaí a choinníonn DECC. Aithnítear méid comhionann leis na sochair atá tuillte ag an bhfoireann mar mhaoiniú iarchurtha de réir an tsocraithe aisíocaíochta atá leagtha amach thuas.

Déantar dliteanais scéime pinsin arna léiriú ag luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag foireann na Gníomhaireachta go dtí seo a mheas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh-mheasta (más cuí). Meastar an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais don Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha ag suim atá comhionann le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Scéim Pinsin na Seirbhíse Phoiblí Aonair ('Scéim Aonair') freisin d'fhoireann a thosaigh ar fhostaíocht san earnáil poiblí an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí ball na scéime aonair agus ranníocaíocht

Fostóra (mar a cheanglaítear faoi chiorclán 28/2016 ón DPER) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é ranníocaíocht an Fhostóra an muirear sochair scoir i leith na Scéime Aonair.

#### **j) Cáin Iarchurtha**

De réir FRS 102, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil do cháin iarchurtha ar bhonn ‘soláthair iomlán’ a eascraíonn as difríochtaí uainiúcháin idir aithint gnóthachan nó cailteanas sna ráitis airgeadais agus a n-aithint i ríomh cánach. Ní dhéantar iarmhéideanna cánach iarchurtha a lascainiú mar go meastar nach mbeadh éifeacht an lascainithe ábhartha.

#### **k) Cuntas Caipitil**

Léiríonn Cuntas Caipitil luach na sócmhainní a aistríodh chuig an nGníomhaireacht nuair a bunaíodh í agus ina dhiaidh sin chomh maith le maoiniú caipitil eile agus deontais eile a fuarthas.

## **2. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta**

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanas ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

#### **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag an DHDA ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe, ar shaolré úsáideach eacnamaíoch agus ar luachanna iarmharacha daingneáin agus feisteas agus trealamh ríomhaireachta, agus chinn sí go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

#### **Oibleagáid Sochair Scoir**

Déantar na boinn tuisceana is bun leis na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta na gcostas cúram sláinte) a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i leith aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus na bpleananna iar-scoir.

Is féidir leo seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
- (ii) leibhéil cúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh saothair amach anseo;
- (iii) rátaí treochta costais cúram sláinte, an ráta boilscithe costais leighis sna réigiúin ábhartha.

## **3. Gnóthas Leantach agus Forbairt sa Todhchaí**

Faoi láthair íocann an Ghníomhaireacht a costais oibriúcháin ó mheascán de dheontais Stáitchiste agus ioncam tráchtála. Chuir an phaindéim Covid 19 isteach go hábhartha ar an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach in 2021 agus laghdaigh sí ioncam tráchtála agus lean sé seo ar aghaidh go dtí 2022.

I mí Aibreáin 2021, chinn an Rialtas an DHDA a dhíscaoileadh agus a sócmhainní talún agus réadmhaoine go léir a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Tá gá le reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Tá litir tacaíochta curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag athdhearbhú a gealltanais maoiniú Stáitchiste a sholáthar chun cabhrú leis an nGníomhaireacht a cuid costais a ghlanadh in 2022 agus don tréimhse amach anseo a theastaíonn chun a foirceannadh ordúil a éascú.

Sna cúinsí a gcuirtear síos orthu thuas, tá an Bord sásta go mbeidh an Gníomhaireacht in ann a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus measann sé mar sin gur cuí na cuntais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Leanann an Gníomhaireacht ag luacháil a cuid sócmhainní infheistíochta agus forbartha de réir a cuid beartas cuntaisaíochta.

#### 4. Deontais Stáitchiste

Deimhníonn an Gníomhaireacht go bhfuil córais rialaithe airgeadais imleor i bhfeidhm aici chun cistí deonaithe a bhainistiú de réir na dtreoirlínte faoi Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Seo a leanas na deontais a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, a rinneadh faoi Alt 29 den Acht um an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach

2003 (Vóta 29: Fotheideal A4) chun críocha caiteachais na Gníomhaireachta i bhfeidhmiú a feidhmeanna:

	2021 €	2020 €
<b>Oibríochtaí</b>		
Reatha	2,159,000	943,000
Idirchaidreamh Pobail	70,000	70,000
Tionscnaimh Dhigiteacha	82,000	82,000
	<b>2,311,000</b>	<b>1,095,000</b>
<b>Oibreacha Forbartha</b>		
Caipitil agus bainistiú láithreán tréigthe*	621,000	100,000

\*Maoiniú Stáitchiste do Chothabháil bonneagair faighte agus caipitlithe.

#### 5. Costais Foirne

##### a) Sochair Fostaithe Comhiomlána

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht i rith na bliana ná 15 (2020: 14). Ina theannta sin, coimeádann an Gníomhaireacht seirbhísí ball foirne amháin ó ghníomhaireacht tríú páirtí. Ba iad seo a leanas na costais chomhiomlána párolla:

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Sochair Ghearrthéarmacha</b>		
Foireann ar Thuarastal	1,022,103	935,152
Foireann gníomhaireachta tríú páirtí	47,531	29,370
Foireann ar lasacht	-	23,948
Táillí Comhaltaí Boird	49,290	58,140
ÁSPC an Fhostóra	109,343	97,944
Ranníocaíocht Phinsin Fostóra	145,041	132,924
	<b>1,373,308</b>	<b>1,277,478</b>

#### **b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne**

	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Tuarastal	1,022,103	935,152
Liúntais	-	-
Sochair Foirceanta	-	-
Árachas Sláinte	-	-
	<b>1,022,103</b>	<b>935,152</b>

#### **c) Príomhphearsanra Bainistíochta**

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta na Gníomhaireachta comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Airgeadais. Is é luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta ná €342,073 in 2021 (€274,545 in 2020). Clúdach máithreachais san áireamh don Phríomhoifigeach Airgeadais in 2021.

Ní fholáíonn sé seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Ní baill den scéim pinsin iad na Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim Pinsean Aoisliúntais na Gníomhaireachta agus tá an Príomhoifigeach Airgeadais ina bhall de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair.

#### **d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Ba é pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais ná €118,867 do 2021 (2020: €115,222).

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim Pinsean Aoisliúntais na Gníomhaireachta agus ní théann a chuid teidlíochtaí ina thaobh seo thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláirí seirbhíse poiblí. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas.

- e) Cloíonn an Gníomhaireacht le beartas pá an Rialtais agus le téarmaí Chomhaontú Bhóthar Lansdún a tháinig i bhfeidhm ón 1 Iúil 2016. In 2021, asbhaineadh €28,275 ón bpárolla maidir leis an ranniocaíocht aoisliúntais bhreise (ASC) agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é (2020: €18,581). In 2021, bronnadh caiteachas €3,500 (2020: €3,250) ar an bhfoireann mar aitheantas d'fhostaithe.

Tabhaíodh costais bhreise €137 (2020: €786) maidir le himeachtaí foirne.

#### f) Miondealú Foirne Tuarastail (os cionn €60,000)

	Líon Fostaithe 2021	Líon Fostaithe 2020
idir €60,000 agus €69,999	2	2
idir €70,000 agus €79,999	2	2
idir €80,000 agus €89,999	-	-
idir €90,000 agus €99,999	1	-
idir €100,000 agus €109,999	1	1
idir €110,000 agus €119,999	2	2
idir €120,000 agus €129,999	-	-

## 6. Costais Oibríochtaí, Ghinearálta agus Riaracháin

	2021 €	2020 €
Taisteal agus Cothabháil	40	1,706
Costais a Bhaineann le réadmhaoín	1,380,266	1,602,561
Árachas	147,488	121,559
Costais a Bhaineann le Margaíocht	29,142	34,053
Costais a Bhaineann le Forbairt réadmhaoine	44,019	37,531
Tobhach ar Shuíomh Folamh (féach Nóta 6.1)	227,500	227,500
Seirbhísí Gairmiúla (féach Nóta 6.2)	190,328	244,426
Forchostais Oifige (Féach Nóta 6.3)	238,755	206,526
Costais Díscailte (Féach Nóta 6.5)	50,963	-
Maoiniú Smart D8	60,000	-
Imeachtaí Líonraithe (ranniocaíocht na Gníomhaireachta) (Féach Nóta 6.4)	279	1,558
Ús	7,347	-
Pionós cánach	-	(2,257)
Táille Iniúchta	12,100	12,356
Dímheas (féach Nóta 9)	49,316	72,657
Drochfhiacha	2,077	-
Muirir Bhainc	2,987	1,282
	<b>2,442,607</b>	<b>2,561,458</b>

### 6.1 Tobhach ar Shuíomh Folamh

Tá an campas comhdhéanta d'áitribh forbartha agus infheistíochta lena n-áirítear roinnt suíomhanna tionsclaíochta tréigthe. Don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2019 ba é an ráta iníochta 7% de luach an tsuímh agus b'ionann an VSL agus €227,500. Íocadh é seo ina iomlán i bhFeabhra 2020 agus i bhFeabhra 2021 faoi seach. Tá an VSL iníochta i gcónaí i leith gach bliana ina dhiaidh sin a mheasann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an láithreán a bheith folamh. Cé go ndéanann an Ghníomhaireacht gach iarracht chun a chinntiú go gcoimeádtar tobhaigh chomh híseal agus is féidir, níl na hacmhainní atá ag teastáil ag an nGníomhaireacht chun na láithreáin a fhorbairt léi féin. Chuige sin tá an leibhéal VSL a fhorchuirtear ar an nGníomhaireacht lasmuigh dá smacht díreach.

### 6.2 Seirbhísí Gairmiúla

	2021 €	2020 €
Earcaíocht	43,306	10,172
Luacháil maoine	5,552	7,078
Gnóthaí dlí / Iniúchadh Inmheánach / Cánachas *	(21,168)	100,714
Caidreamh Poiblí / Gnóthaí Poiblí	88,609	47,877
Seirbhísí Eile	74,029	78,585
	<b>190,328</b>	<b>244,426</b>

\* **Gnóthaí dlí / Iniúchadh Inmheánach / Cánachas** – Ar 31 Nollaig 2020, rinne an chuideachta meastachán ar chostais a tabhaíodh maidir le soláthar seirbhísí TFC. Mar gheall ar an bhfógra díscailte, cuireadh an obair ar athló agus tabharfar fúithi arís in 2022. Mar thoradh air sin scaoileadh fabhrú a coinníodh ar an 31 Nollaig 2020 le linn 2021.

### 6.3 Forchostais Oifige

Áirítear le Forchostais Oifige dhá léas oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal, arbh fhiú €6,122 iad san iomlán. Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta iomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal:

	2021 €
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	5,142
Níos déanaí ná bliain amháin agus tráth nach déanaí ná cúig bliana	5,128
	<b>10,270</b>

### 6.4 Imeachtaí Líonraithe

Cinntíonn beartas an DADA ar imeachtaí líonraithe go gcoimeádtar ardchaighdeán ionracais agus cuntasachta agus go ndéantar cásanna ina dtabhaítear caiteachas ar bhia agus/nó ar dheoch a bhainistiú go freagrach agus le cuspóir gnó.



### 6.5 Costais Díscailte

Tar éis fhógra an Rialtais an 27 Aibreán 2021 go ndíscailfear an Ghníomhaireacht agus go n-aistreofar na sócmhainní chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún, thabhaigh an Ghníomhaireacht táillí breise dlí agus gairme maidir leis an gceist seo.

### 7. Idirchaidreamh Pobail

Baineann sé leis an gcostas a bhaineann le cláir phobail áitiúil a sholáthar.

	2021 €	2020 €
Seachadadh Cláir	33,518	29,308
Costais Eile	67,462	49,844
	100,980	79,152
San áireamh i sócmhainní seasta	-	-
	<b>100,980</b>	<b>79,152</b>

### 8. Tionscnaimh Dhigiteacha

Baineann sé le costas na dtionscadal agus na dtionscnamh digiteach a sholáthraíonn bonn tástála d'úsáid na meán digiteach.

	2021 €	2020 €
Future Creators	3,152	47,833

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Baineann sé le costas na dtionscadal agus na dtionscnamh digiteach a sholáthraíonn bonn tástála d'úsáid na meán digiteach.

	<b>Forbairt Sócmhainní</b> €	<b>Daingneáin agus Feistis</b> €	<b>Trealamh Ríomhaire</b> €	<b>Iomlán</b> €
<b>Costas/Luacháil</b>				
amhail 1 Eanáir 2021	35,098,608	2,892,623	1,342,112	39,333,343
Breiseanna	6,965	17,981	118,436	143,382
Athluacháil	4,794,439	-	-	4,794,439
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>39,900,012</b>	<b>2,910,604</b>	<b>1,460,548</b>	<b>44,271,164</b>
<b>Dímheas</b>				
amhail 1 Eanáir 2021	-	2,747,126	1,312,291	4,059,417
Muirear don bhliain	-	30,511	18,805	49,316
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>-</b>	<b>2,777,637</b>	<b>1,331,096</b>	<b>4,108,733</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>				
amhail 1 Eanáir 2021	35,098,608	145,497	29,821	35,273,926
<b>Amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>39,900,012</b>	<b>132,967</b>	<b>129,452</b>	<b>40,162,431</b>

## 10. Réadmhaoin Infheistíochta

Tá an ghluaiseacht i luach anonn na sócmhainní arna sealbhú mar Réadmhaoin Infheistíochta leagtha amach thíos.

<b>Infheistíocht Réadmhaoin</b>	<b>31 Noll 2020</b> €	<b>Breiseanna</b> €	<b>Diúscairt</b> €	<b>Ath-aicmiú</b> €	<b>Ath-aicmiú</b> €	<b>31 Noll 2021</b> €
losta Digiteach	5,150,000	416,663	-	-	(816,663)	4,750,000
Tigín an Gheata	750,000	17,664	-	-	(67,664)	700,000
Cúirt Dhigiteach	4,300,000	25,755	-	-	(325,755)	4,000,000
10-13 Sráid Thomáis	1,301,404	34,432	-	-	(85,836)	1,250,000
157 Sráid Thomáis	1,700,000	33,887	-	-	(83,887)	1,650,000
85-87 Sráid Thomáis	700,000	-	-	-	(50,000)	650,000
Townhouse Twenty2	1,300,000	12,797	-	-	(62,797)	1,250,000
Spásanna gluaisteán i Sráid Bonham	550,000	-	-	-	-	550,000
An Iathlainn	4,050,000	16,272	-	-	(116,272)	3,950,000
	<b>19,801,404</b>	<b>557,470</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>(1,608,874)</b>	<b>18,750,000</b>

## **11. Athluacháil Réadmhaoine**

- (i) Éilíonn FRS 102 athluacháil gach bliain chuig luach cóir (comhionann le luach an mhargaidh oscailte) ar réadmhaoin infheistíochta le hathruithe luacha tógtha chuig brabús nó caillteanas. Ní úsáidtear an tsamhail costais lúide dímheas ach amháin mura féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa gan costas nó iarracht mhíchuí. Tá gnólacht luachálaithe gairmiúla fostaithe ag an nGníomhaireacht chun luacháil neamhspleách a dhéanamh ar réadmhaoin na Gníomhaireachta.
- (ii) Mar gheall ar ghluaiseachtaí i luachanna réadmhaoine le blianta beaga anuas, rinne gnólacht gairmiúil luachálaithe luachálacha neamhspleácha amhail an 31 Nollaig 2021 agus bhí gnóthachain ábhartha athluachála mar thoradh orthu lena n-áirítear aisiompú na muirear bearnaithe roimhe seo.
- (iii) Socraíodh an luacháil ar bhonn an ioncaim ó chíos agus cuireadh san áireamh nádúr gearrthéarmach na gceadúnas agus na léasanna éagsúla, an suíomh, riocht na réadmhaoine agus coinníollacha ginearálta an mhargaidh.
- (iv) Tá srian ar an nGníomhaireacht gan ach an réadmhaoin ábhartha a úsáid chun críocha fiontar digiteach agus forbartha measctha. Cuireadh é seo san áireamh agus na luachálacha á gcinneadh.

### **Sócmhainní Forbartha**

Mar atá leagtha amach sna Beartais Chuntasaíochta, déantar luacháil ar Shócmhainní Forbartha ag baint úsáide as an tsamhail athluachála.

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Sócmhainní Forbartha amhail an 31 Nollaig 2021 rinneadh athluacháil foriomlán aníos €4,794,439 (2020: €3,465,366).

D'aisiompáigh an athluacháil aníos laghdú luachála a gearradh i gcoinne brabúis roimhe seo. Dá réir sin, aithníodh an ghlanghluaiseacht i luach cóir na Sócmhainní Forbartha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021.

### **Réadmhaoin Infheistíochta**

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Réadmhaoine Infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2021 rinneadh athluacháil anuas foriomlán €1,608,874 (2020: anuas €2,140,521) a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021.

## 12. Cánachas

Tá an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas Cárín Chorparáide a íoc maidir le hioncam úis (Cás III/IV) agus ioncam cíosa (Cás V). De réir FRS 102, déanann an Ghníomhaireacht foráil do cháin iarchurtha ar bhonn ‘soláthair iomlán’ a eascraíonn as difríochtaí uainiúcháin idir aithint gnóthachan nó cailteanas sna ráitis airgeadais agus a n-aithint i ríomh cánach.

a) Ba mar seo a leanas an cháin a gearradh / (cuireadh chun sochair) don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2021 €	2020 €
<b>Cáin reatha:</b>		
Cáin Éireannach ar bhrabúis na bliana airgeadais	(21,003)	49,636
<b>Cáin reatha iomlán</b>	<b>(21,003)</b>	<b>49,636</b>
<b>Cáin iarchurtha:</b>		
Bunús agus aisiompú difríochtaí uainiúcháin	(4,716)	(9,932)
Rósholáthar sna blianta roimhe sin	-	(10,515)
<b>Cáin iarchurtha iomlán</b>	<b>(4,716)</b>	<b>(20,447)</b>
<b>Cáin iomlán</b>	<b>(25,719)</b>	<b>29,189</b>

Forálann Alt 610 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Sceideal 15) díolúine don DHDA ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil ar dhiúscairtí arna ndéanamh an 1 Eanáir 2008 nó dá éis. I gcás gach dliteanas chánach eile, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digíteach a dícheall a bheith sár-eiseamláireach maidir le dlíthe cánachais agus oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

(b) Réiteach idir speansas cánach a áirítear sa bhrabús agus cailteanas agus brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin arna iolrú faoin ráta cánach is infheidhme:

Tá an cháin a measúnaítear don bhliain airgeadais difriúil leis an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (25%). Mínítear na difríochtaí thíos:

	2021 €	2020 €
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	2,980,676	970,214
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta cánach is infheidhme i bPoblacht na hÉireann, is é sin, 25% (2020 25%)	745,169	242,554
Éifeachtaí:		
Níl an caiteachas inasbhainte	42,570	142,208
Liúntais chaipitil de bhreis ar dhímheas	(12,351)	(3,856)
Cáin iarchurtha	(4,716)	(9,932)
Gluaiseacht i luach cóir na Réadmhaoine Infheistíochta (nach bhfuil faoi réir cánach)	(796,391)	(331,208)
Rósholáthar sna blianta roimhe sin	-	(10,515)
Income tax a Cáin ioncaim arna coinneáil siar	-	(62)
<b>Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí (nóta 12(a))</b>	<b>(25,719)</b>	<b>29,189</b>

### 13. Méideanna infhaighte

	2021 €	2020 €	
Méideanna cíosa infhaighte	10,723	64,521	
Cáin Chorparáide	70,096	1,926	
Méideanna infhaighte eile agus Réamhíocaíochtaí	126,728	158,886	
Sócmhainn Chánach Iarchurtha* Tax Asset*	39,291	34,575	
Ioncam Fabhráithe	24,318	4,091	
CBL	14,605	35,194	
	<b>285,761</b>	<b>299,193</b>	
<b>*Sócmhainn Chánach Iarchurtha</b>			
Ar Dhaingneáin agus Feistis	39,291	34,575	
<b>Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith na bliana</b>	<b>Iarmhéid 31 Nollaig 2020 €</b>	<b>Aitheanta in I&amp;C €</b>	<b>Iarmhéid 31 Nollaig 2021 €</b>
Ar Dhaingneáin agus Feistis	34,575	4,716	39,291

## 14. Méideanna iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2021 €	2020 €
Méideanna iníoctha agus Fabhruithe		
- Oibríochtaí	322,938	523,310
- Forbairt Réadmhaoine	752,687	789,322
Cáil Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla agus Cáin Chonarthaí Iomchuí	16,577	8,463
Asbhaintí Ilchineálacha	4,012	73,751
Fabhrú Pá Saoire	16,083	13,008
Taiscí Slándála Tionóntaí	232,765	278,281
Ioncam Iarchurtha	12,995	12,956
ÍMAT agus ÁSPC	33,471	34,578
	<b>1,391,528</b>	<b>1,733,669</b>

## 15. Cuntas Caipitil

	2021 €	2020 €
1 Ean Iarmhéid Oscailte	61,158,575	61,058,575
Maoiniú: Stáitchiste		
- Oibreacha Forbartha	621,000	100,000
31 Noll Iarmhéid Deiridh	61,779,575	61,158,575

## 16. Costais Phinsin

### a. Scéim Phinsin

Faoi Alt 21 den Acht um an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, cuireann an Ghníomhaireacht scéim ar fáil chun sochair aoisliúntais a dheonú dá baill foirne agus ina leith, faoi réir fhaomhadh an Aire. Feidhmíodh Scéim Aoisliúntais agus Scéim Phinsin na gCéilí agus Leanaí de chuid an DHDA ar 'bhonn riaracháin' faofa go dtí gur cheadaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad go foirmiúil ar 27 Márta 2017 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Soláthraíonn an scéim Aoisliúntais sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) agus sochair aisce bháis maidir le bás le linn seirbhíse. Soláthraíonn an scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí sochair phinsin do chéilí marthanacha agus leanaí cleithiúnacha na mball nach maireann. Déantar soláthar do na sochair atá iníoctha le baill den Scéim Aonair faoi théarmaí na scéime sin faoi bhainistíocht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamh-mhaoinithe iad an dá scéim.

Asbhaintear tobhaigh phinsin ó thuarastail agus íoctar iad go bliantúil leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide in éineacht le ranníocaíocht an fhostóra. Faoi n socrú atá i bfeidhm, aisíocfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide dliteanas pinsin na Gníomhaireachta go hiomlán de réir mar a bhíonn na dliteanas sin dlite. Aithníonn an Ghníomhaireacht a ceart ar aisíocaíocht mar shócmhainn ar leith.

Tá an láimhseáil agus an nochtadh a éilíonn an caighdeán cuntasáíochta, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Sochair Scoir) oiriúnaithe ag an mBord chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú. Is é an dliteanas pinsin FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2021 ná €686,000 (2020: €4,300,000).

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanas phinsin i leith fhoireann na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2021. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críocha FRS 102.

### b. Toimhdí Airgeadais

Is iad na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear chun dliteanas scéime a ríomh faoi FRS 102 ná:

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
Ráta lascaine	1.2%	0.80%
Méadú ar ráta tuarastail	3.5%	2.50%
Méadú ar ráta pinsin	3.00%	2.00%
Méadú ar ráta boilscithe	2.00%	1.75%
Ionchas saoil ag aois 65: Fireann	21.8 bliain	21.7 bliain
Ionchas saoil ag aois 65: Mná	24.2 bliain	24.1 bliain

### c. Costais Phinsin

i) Anailís ar chostais phinsin iomlána a gearradh ar chaiteachas

Tá costais phinsin €145,041 a ghearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir socruithe maoinithe a comhaontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. In éagmais an tsocraithe aisíocaíochta, is é an tionchar a bheadh ar chostais ná:

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
Ranníocaíochtaí Fostóra (Príomhscéim)	52,645	48,383
Ranníocaíochtaí Fostóra (scéim SPSPS)	92,396	84,541
Costas seirbhíse reatha *	248,000	220,000
Costais Úis	36,000	47,000
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Stáitchiste Iarchurtha	(284,000)	(267,000)
	<b>145,041</b>	<b>132,924</b>

\* Tá ranníocaíocht fostaithe €46,104 (2020: €42,718) curtha san áireamh agus costas reatha na seirbhíse á ríomh.



ii) Gluaiseacht i nGlandhliteanas Pinsin

	<b>2021</b> €	<b>2020</b> €
Glandhliteanas Pinsin ar 1 Eanáir	4,300,000	4,480,000
Costas Seirbhíse Reatha	248,000	220,000
Costas Úis	36,000	47,000
(Gnóthachan)/cailteanas achtúireach ar dhliteanais scéime	109,000	(444,000)
Pinsin íoctha sa bhliain	(7,000)	(3,000)
<b>Glandhliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig</b>	<b>4,686,000</b>	<b>4,300,000</b>

### 17. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Is iad na príomhdhaoine bainistíochta sa Ghníomhaireacht ná an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Airgeadais agus comhaltaí an Bhoird. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis na príomhdhaoine bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €342,078 (2020: €275,792). Clúdach máithreachais san áireamh don Phríomhoifigeach Airgeadais in 2021.

### 18. Imeachtaí tar éis an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha tar éis na tréimhse tuairiscithe a d'éileodh athbhreithniú ar na figiúirí nó nochtadh sna ráitis airgeadais.

### 19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 16 Meitheamh 2022.



An Ghníomhaireacht Forbartha  
don Mhol Digiteach,  
An Mol Digiteach,  
Baile Átha Cliath 8  
D08 TCV4, Éire

T: +353 1 480 6200  
R: [info@thedigitalhub.com](mailto:info@thedigitalhub.com)  
[www.thedigitalhub.com](http://www.thedigitalhub.com)



An Roinn Comhshaoil,  
Aeráide agus Cumarsáide  
Department of the Environment,  
Climate and Communications